Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

# Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil Bhliantúil 2013

RPC005114_GA_WB_L_1

# Clár Ábhar

**Alt** **Leathanach**


1. Faisnéis faoi CORU ..... 5
2. Ráiteas an Chathaoirligh ..... 9
3. Réamhrá leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin ..... 13
4. Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 ..... 17
5. Tuarascáil na Comhairle ..... 35
6. Cruinnithe agus Coiste na Comhairle ..... 40
7. Tuarascálacha Bliantúla na mBord Clárúcháin
   - 7.1 Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta ..... 49
   - 7.2 Bord Clárúcháin na Radagrafaithe ..... 59
   - 7.3 Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach ..... 69
   - 7.4 Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair ..... 77
   - 7.5 Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga ..... 85
8. Sonraí faoi Thacaíocht do Chustaiméirí

# Giorrúcháin agus sainmhínithe

| | |
|---|---|
| **Acht** | An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) |
| **An Bord** | Bord Clárúcháin |
| **POF** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| **An Coiste** | Coiste comhairleach na Comhairle/an Bhoird, ar bhfuil comhalta den Chomhairle/Bhord ina chathaoirleach, a dhéanann moltaí ar a ndéanann an Chomhairle/an Bord cinneadh. |
| **CORU** | Comhainm Branda don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus na 12 bhord clárúcháin atá le bunú faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) |
| **An Chomhairle** | An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh |
| **An tAire** | An tAire Sláinte |
| **Bord Clárúcháin** | Bord clárúcháin aonair do cheann amháin de na gairmeacha a chuimsíonn an tAcht |
| **Cláraitheoir** | POF CORU thar ceann gach Boird Chlárúcháin |
| **DRB** | Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach |
| **RRB** | Bord Clárúcháin na Radagrafaithe |
| **SWRB** | Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta |
| **OTRB** | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair |
| **SLTRB** | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga |

# Faisnéis faoi CORU

Is iad CORU rialtóir sláinte ilghairme na hÉireann. Oibrímid ar mhaithe le leas an phobail, agus is é an ról atá againn an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d'iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chur chun cinn trí chlárúchán reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Is é CORU an t-ainm branda agus an lógó faoina n-oibríonn an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus na Boird Chlárúcháin do na gairmithe le chéile.

Tá CORU freagrach as rialú a dhéanamh, faoi Acht 2005, ar na 12 ghairm chúraim shóisialta atá liostaithe, a meastar a bhfuil 20,000 comhalta ina measc. Féadfaidh an tAire breis gairmeacha a chur leis an liosta amach anseo. Den chéad uair, déanfar rialáil ar na gairmeacha liostaithe seo ar bhonn reachtúil. Is iad siúd:

| | |
|---|---|
| Bithphoitigéirí cliniciúla | Fisiteiripeoirí |
| Diaitéitigh | Síceolaithe |
| Eolaithe míochaine | Radagrafaithe |
| Teiripeoirí saothair | Oibrithe cúraim shóisialta |
| Ortoptaigh | Oibrithe sóisialta |
| Coslianna | Teiripeoirí urlabhra agus teanga |

Tá a mBord Clárúcháin féin ag gach gairm atá freagrach as clárú comhaltaí maidir lena ngairm faoi leith.

Go dtí seo, bhunaigh an tAire Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta, Bord Clárúcháin na Radagrafaithe, Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach, Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair. Bunófar na boird eile ar bhonn céimnithe. Tar éis gur fhógair an tAire go raibh sé beartaithe aige Bord na Radharceolaithe a chomhchuimsiú isteach in CORU in 2014, déanfaidh CORU rialáil ar radharceolaithe agus ar optaiméadraithe dáilte chomh maith.

# Ár Misean


Amhail a leagtar amach é san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú), is é ár misean:

"Chun an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d'iompar gairmiúil agus d'oideachas gairmiúil, oiliúint agus inniúlacht a chur chun cinn i measc cláraithe de ghairmithe ainmnithe"

## Ár bhFís

"Baintear muinín agus cosaint an phobail amach tríd an gcur chun cinn a dhéanann CORU ar ardchaighdeáin trí rialáil chóir agus éifeachtach a dhéanamh ar ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh."

## Ár Luachanna




Lorgraíonn CORU le sraith luachanna a léiriú atá mar bhonn agus taca agus a thacaíonn leis an mbealach a oibrímid agus a idirghníomhaímid lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Baineann ríthábhacht leis na luachanna a leanas maidir le baint amach ár misins agus ár bhfíse:

Bunaítear ár gcinntí, gníomhartha agus tosaíochtaí go léir ar ár ndíriú singil, chun feabhas a chur ar **shábháilteacht phoiblí**;

Léirímid **ceannaireacht** laistigh dár n-earnáil trí chur chuige dearfach, ardchaighdeáin agus fianaisebhunaithe i leith ár gcuid oibre;

Táimid tiomanta **d'fhreagracht agus do thrédhearcacht** i ngach ceann dár bpróisis; cinntí, iompar gairme, cumarsáid agus déileáil lenár bpáirtithe leasmhara;

Léirímid **meas agus cothroime** inár n-idirghníomhaíochtaí leis an bpobal, le gairmithe agus le gach ceann dár bpáirtithe leasmhara;

Léirímid **éifeachtacht agus sármhaitheas** mar eagraíocht i dtaobh luach ar airgead, éifeachtúlacht oibríochtaí agus rialachais;

Léireoimid **neamhspleáchas agus sláine** i ngach ceann dár ndéileálacha lenár bpáirtithe leasmhara.

## Ról na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Comhlacht reachtúil iad an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh a bhunaigh an Rialtas chun an pobal a chosaint trí na caighdeáin is airde d'iompar gairmiúil a chur chun cinn a chinntiú i measc na ngairmeacha ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialta.

Déanann an Chomhairle an méid a leanas:

- maoirsiú agus comhordú ar obair na mBord Clárúcháin
- caighdeáin chleachtais a fhorfheidhmiú le haghaidh gairmithe cláraithe, lena n-áirítear cóid d'éiteas agus d'iompar poiblí
- Oiriúnacht chun Cleachtadh a oibriú
- cinntí a dhéanamh agus treoracha a thabhairt a bhaineann le smachtbhannaí disciplíneacha ar chláraithe
- bheith freagrach as acmhainní a leithdháileadh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

Tá 25 comhalta sa Chomhairle - ainmnítear duine amháin ó gach gairm a rialáiltear agus tá 13 chomhalta thuata inti chomh maith. Tarraingítear na comhaltaí tuata ón earnáil oideachais, grúpaí abhcóideachta othar, an earnáil dheonach agus ionadaithe d'eagraíochtaí na hearnála poiblí agus príobháidí a bhaineann le sláinte agus cúram sóisialta. Tá an Cathaoirleach mar chuid den tromlach tuata. Tá gach Comhalta den Chomhairle agus den Bhord Cláraithe ann ar bhonn deonach agus níl aon táillí Boird á bhfáil acu. Faigheann Cathaoirleach na Comhairle táille ainmnithe agus thug sé an táille seo, ar aon dul le héiteas na gcomhaltaí eile, do charthanacht.

Soláthraíonn ceithre fhochoiste den Chomhairle saineolas agus comhairle don Chomhairle agus don Fheidhmeannacht sna limistéir a leanas:

- Airgeadas agus acmhainní
- Iniúchadh, riosca agus rialachas
- Clárúchán agus oideachas
- Oiriúnacht chun cleachtadh

# Ról na mBord Clárúcháin

Tá a mBord Clárúcháin féin ag gach gairm atá freagrach as clárú comhaltaí maidir lena ngairm faoi leith.

Baineann an sochar le leithdheighilt na bhfeidhmeanna idir an Chomhairle agus na Boird Chlárúcháin go gcinntítear go mbeidh ag gach gairm a rialáilfear comhlacht tiomanta nach ndíríonn ach ar chlárú agus ar chaighdeáin oideachais na gairme sin, agus cinntítear ionchur ó shaineolas sonrach gairmiúil tríd seo.

Tá gach Bord Clárúcháin freagrach as an méid a leanas:

- an Clár a bhunú agus a choimeád le haghaidh chomhaltaí na gairme sin
- cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát a mheasúnú agus a aithint
- cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu, ar féidir iad a iontráil ar an gClár
- an cód iompair agus eitice gairmiúla a shocrú
- na riachtanais a shocrú le haghaidh forbairt leanúnach ghairmiúil
- Tar éis faomhadh a fháil ón gComhairle, fodhlíthe a bhunú maidir lena bhfeidhmeanna cláraithe agus oideachais.

Beidh 13 chomhalta dheonacha i ngach ceann de na Boird, déanann seachtar díobh ionadaíocht don saoránach mar chomhaltaí tuata den Bhord, agus is ón earnáil oideachais, fostóirí poiblí agus gníomhaireachtaí príobháideacha/deonacha a thagann comhalta amháin den seachtar; mar aon le seisear comhaltaí ó na gairmeacha faoi leith a dhéanann ionadaíocht d'oideachasóirí, bainisteoirí agus soláthróirí seirbhísí.

Nuair a bhunaítear gach ceann de na 12 Bhord Clárúcháin do na gairmeacha, beidh 156 comhalta Boird ann ar an iomlán. Tá ar gach Bord casadh ar a chéile ceithre huaire sa bhliain, ar a laghad, ach is gnách go gcasann siad ar a chéile 10 n-uaire sa bhliain, le dul chun cinn chlárú a ngairme a chinntiú.

Mír 2:

# Ráiteas an Chathaoirligh



Ba bhliain ghnóthach agus bhisiúil 2013 don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU), agus rinneadh dul chun cinn tábhachtach i bhforbairt samhail rialála do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.

Ba gharsprioc an-tábhachtach deireadh na hidirthréimhse le haghaidh oibrithe sóisialta an 31 Bealtaine 2013. Seo an chéad uair a raibh clár reachtúil d'oibrithe sóisialta ag Éirinn. Tig le Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta bheith bródúil as an éacht seo a chosnóidh an pobal trí thacú leis na caighdeáin is airde d'iompar gairmiúil agus le forbairt leanúnach ghairm na hoibre sóisialta in Éirinn.

Is deas liom a thabhairt le fios gur osclaíodh an dara clár le linn na bliana, do radagrafaithe agus do theiripeoirí radaíochta. B'ann do pháirtíocht iontach i measc radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta a aithníonn an tábhacht a bhaineann le córas oscailte agus dea-fheidhmeach de chlárú reachtúil. Táimid ag tnúth le hoibriú leo sa bhliain amach romhainn trí Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe.

Ar leithleach, is ionann ceapadh Bhorid Chlárúcháin na nDiaitéiteach, na dTeiripeoirí Saothair agus Urlabhra agus Teanga ag an Aire Sláinte, agus dul chun cinn suntasach i mbunú na gClár seo a osclófar in 2014.

I gcaitheamh na bliana, cuireadh na leasuithe i bhfeidhm a rinneadh ar reachtaíocht rialála CORU, chomh maith, faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú). Baineann na príomhleasuithe le ceapadh ainmnithe gairmiúla leis an gComhairle agus le hathruithe ar na critéir chláraithe. Tá na leasuithe seo in ainm is a chinntiú gur féidir leis an gComhairle tabhairt faoina sainchúram ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

Dúshláin a bheidh sna chéad chúpla bliain eile do CORU de réir mar a bhunófar Boird Chlárúcháin bhreise, mar a chuirtear tús le forbairt leanúnach ghairmiúil do gach gairm agus mar a thugtar córas um oiriúnacht chun cleachtadh isteach. Leanfaidh an Chomhairle agus an Fheidhmeannacht bheith tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach agus iad a chleachtadh. Anuas air sin, soláthraíonn faomhadh agus foilsiú ár Ráitis Straitéise 2013-2016 ár gcreatlach le haghaidh rialtóir daingean agus éifeachtach. Táim muiníneach go gcuirfidh CORU go mór le sábháilteacht phoiblí sna blianta amach romhainn.

Ba mhian liom a aithint go soláthraíonn gach comhalta den Chomhairle, a bhFochoistí agus na Boird Chlárúcháin aonair a saineolas agus a n-am luachmhar ar bhonn deonach. Ar aon dul leis an éiteas seo, thug mé mo ghlantáille ainmnithe Chathaoirligh do charthanacht. Tá gach comhalta boird i dteideal íocaíocht a fháil as costais taistil agus chothabhála, de réir chiorcláin na roinne.

Ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach Comhalta den Chomhairle, do Chathaoirligh Choistí na Comhairle ar Riosca Iniúchta agus Rialachas, Airgeadas agus Acmhainní, Clárúchán agus Oiriúnacht chun Cleachtadh as an méid a chuir siad le forbairt ár n-oibre mar an Rialtóir.

Sa mhullach air sin, is mian liom buíochas a ghabháil le Cathaoirligh agus le Comhaltaí Bhoird Chlárúcháin na nOibrithe Sóisialta, na Radagrafaithe, na nDiatéiteach, na dTeiripeoirí Saothair

agus Urlabhra agus Teanga as ucht a dtiomantais leanúnaigh phearsanta agus ghairmiúil ina róil dheonacha agus dá bhfostóirí. Ina theannta sin, ba dheas liom buíochas a ghlacadh leis an bPríomhfheidhmeannach, Ginny Hanrahan agus leis an bhfoireann ag CORU as ucht na hoibre déine a rinne siad chun tacú leis an gComhairle agus leis na Boird Chlárúcháin chun a bhfreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a chur in iúl don Aire Sláinte agus do na hOifigigh ag a Roinn as ucht a dtacaíochta leanúnaí lenár n-obair anseo in CORU. Táimid ag tnúth le leanúint leis an dea-chaidreamh oibre seo in 2014, nuair a dhéanfar dul chun cinn fiú níos mó ar mhaithe le rialáil ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.



**Tom Jordan**

**Cathaoirleach**

**An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**

Mír 3:

# Ráiteas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin



Is deas liom a thabhairt le fios gur thosaigh CORU, i mbliana, an chéad bhliain de Ráiteas Straitéise 2013-2016, le dul chun cinn suntasach a dhéanamh i dtreo na ndúshlán agus na gcuspóirí a bhaint amach a leagadh amach.

I gcaitheamh 2013, cuireadh deireadh leis an idirthréimhse le haghaidh Oibrithe Sóisialta an 31 Bealtaine.

Cosnaítear teideal "oibrí sóisialta" anois agus ní féidir ach na daoine siúd atá ar an gclár an teideal a úsáid, nó iad siúd atá ag gabháil tríd an bpróiseas clárúcháin. Ciallaíonn sé freisin nach mór go mbeidh duine ar bith a oibríonn mar oibrí sóisialta in Éirinn bheith cláraithe ar dtús.

Anuas air sin, d'osclaíomar na cláir do radagrafaithe agus do theiripeoirí radaíochta an 31 Deireadh Fómhair. Ní mór go mbeidh iontrálaithe nua in Éirinn cláraithe ón dáta seo agus tá go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2015 ag cleachtóirí reatha áit a bhaint amach ar an gclár.

Críochnaíodh na céimeanna tábhachtacha seo i gclárú gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta, a bhuíochas le hobair dhian Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta, agus Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe.

Anuas air sin, dhíríomar ar na tosaíochtaí a leag an tAire amach i gceapadh na chéad Bhorid Chlárúcháin Diaitéiteach, Teiripeoirí Saothair agus Urlabhra agus Teanga i Márta 2013 agus é ina sprioc na cláir go léir a oscailt do gach ceann de na trí ghairm 2014.

Mar gheall ar obair na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta, agus a gcoistí agus gach ceann de na boird chláraithe thuas, rinne CORU comhordú ar bhreis agus 53 cruinniú de chuid na Comhairle, na mBord Clárúcháin agus na gCoistí in 2013. Anuas air sin, ghlac CORU le tromlach na gcuirí ó pháirtithe leasmhara chuig comhdhálacha agus d'fhoilsigh siad 7 dtuarascáil chomhairliúcháin agus athbhreithnithe phoiblí. Mar is gnách, freagraíodh don iomaí ceist dhúshlánach bhreise a tháinig chun solais le linn na bliana. Cruthaíodh ár bpleananna amach anseo tar éis go rabhamar rannpháirteach leis an bpobal agus tá sé beartaithe againn in 2014 chun cur leis an taithí.

Tosaíocht de chuid CORU a bheidh i gcinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag CORU, mar an Rialtóir do na gairmeacha ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialta, a liostaítear faoin Acht agus ag a bhfuil sainchúram reachtúil chun an pobal a chosaint, chun tacú leis na Boird Chlárúcháin lena gcuid oibre, agus an gá le luach ar airgead a sholáthar do gach duine dár bpáirtithe leasmhara a aithint.

Níor bhain ár líon foirne na leibhéil a beartaíodh amach don leibhéal reatha gníomhaíochta, cé gur tháinig méadú air. Rinneamar ár bpróisis oibre a chuíchóiriú go mór, go háirithe trí úsáid chliste a bhaint as teicneolaíocht faisnéise, seachfhoinsiú agus/nó seirbhísí comhroinnte, san áit ar féidir. Leag baint amach ár gcuspóirí i leith ár n-ualaigh oibre éilimh ar an tsamhlaíocht, fuinneamh agus ar thiomantas ár bhfoirne uile agus feidhmíonn an tuarascáil bhliantúil seo mar fhreagairt dóibh.

Braitheann dul chun cinn ar chuspóirí CORU, dar ndóigh, ar chaidreamh dlúth oibre leis an Roinn Sláinte agus lenár bpáirtithe leasmhara ar fud na ngairmeacha ainmnithe, na hearnála oideachais agus na bhfostóirí. Arís eile, thar ceann CORU, is mian liom an tacaíocht agus an comhoibriú iomlán a rinneadh ar fud ár n-idirghníomhaíochtaí go léir a aithint.

Ba mhian liom mo bhuíochas a thabhairt le fios do Chathaoirleach na Comhairle, Tom Jordan, agus do chomhaltaí ár gComhairle agus do na Boird Chlárúcháin a thugann a gcuid ama, taithí agus eolais ar bhonn deonach chun an tseirbhís phoiblí seo a sholáthar; as ucht a dtacaíochta agus a dtreorach le linn na bliana.

Lean an bhliain seo bheith mar thréimhse fhíor-ghnóthach don fhoireann ag CORU. Ba mhian liom buíochas a ghabháil leo go léir as ucht a bhfuinnimh, a dtiomantais agus a ndúthrachta ina gcuid oibre. Gabhaim buíochas, chomh maith, leis an Roinn Sláinte, go háirithe an tAonad Rialála Gairmiúla, as ucht a gcabhrach agus a dtacaíochta leanúnaí.

Tá an chéad bhliain críochnaithe againn den chóras straitéiseach is fairsinge d'fhorbairt CORU agus creidim go bhfuil go leor den bhealach curtha dínn chun tabhairt faoi na cuspóirí a foilsíodh inár Ráiteas Straitéise 2013-2016.

**Ginny Hanrahan**

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU)**

Mír 4:

# Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

# Clár Ábhar


| | LEATHANACH |
|---|---|
| FAISNÉIS | 20 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 21 |
| AN RÁITEAS MAIDIR LEIS AN GCÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS | 22-23 |
| AN RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE | 24 |
| AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA | 25 |
| INCOME AND EXPENDITURE ACCOUNT | 26 |
| AN CLÁR COMHARDAITHE | 27 |
| AN RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID | 28 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 29-35 |

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

## Faisnéis

| | | |
|---|---|---|
| Comhaltaí na Comhairle | Tom Jordan, Cathaoirleach<br>John O Mullane<br>Halog Mellet<br>Marie Culliton<br>Odhrán Allen<br>Tony McAleer<br>Emma Stokes<br>Caroline McIntosh<br>Richard Booth<br>Michele Monahan<br>David Power<br>Declan Carey<br>Maeve Murphy<br>Jackie Reed (athcheaptha an 17 Iúil 2013)<br>Martin Higgins<br>Kristin Quinn<br>Deirdre Madden (ceaptha an 23 Lúnasa 2013)<br>Joe Martin (ceaptha an 31 Iúil 2013)<br>Jenny Bulbulia<br>Muiris Fitzgerald<br>Pat Quinlan (téarma oifige éagtha an 17 Deireadh Fómhair 2013)<br>Ann Taylor (téarma oifige éagtha an 1 Iúil 2013)<br>Dorothy Donovan (téarma oifige éagtha an 20 Márta 2013)<br>Stephen McMahon (téarma oifige éagtha an 27 Meán Fómhair 2013)<br>Inez Bailey (téarma oifige ón 20 Feabhra 2013 go dtí an 27 Meán Fómhair 2013)<br>Dermot Jewell (téarma oifige ón 11 Feabhra 2013 go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2013) | |
| **Senior Management Team** | Chief Executive Officer<br>Head of Corporate Services<br>Head of Legal Affairs<br>Head of Registration<br>Acting Head of Education | Ginny Hanrahan<br>Mary Griffin<br>Sinéad Boyle<br>Kieran Lenihan<br>Aoife Sweeney |
| **Headquarters** | CORU - Health and Social Care Professionals Council<br>13-15 The Mall<br>Bracken Road<br>Sandyford<br>Dublin 18 | |
| **Auditor** | Comptroller and Auditor General<br>Dublin Castle<br>Dublin 2 | |
| **Accountants** | Crowleys DFK<br>Chartered Accountants<br>16/17 College Green<br>Dublin 2 | |

## An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe agus na nótaí bainteacha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a forordaíodh faoi alt 21 den Acht, agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn amhail a mhionathraítear ag orduithe an Aire Sláinte maidir le cuntasaíocht le haghaidh costais aoisliúntais.

**Freagrachtaí na Comhairle**

Tá an Chomhairle freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Comhairle agus ar a n-ioncam agus caiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m’iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m’iniúchadh de réir na gCaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeáin Eitice an Bhoird Chleachtas Iniúchóireachta d’Iniúchóirí a chomhlíonadh.

**Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais**

Is éard a bhaineann le hiniúchadh, fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d’aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

- cibé acu an cuí nach cuí do na beartais chuntasaíochta do chúinsí na Comhairle, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cibé acu ar nochtaíodh nó nár nochtaíodh iad go cuí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Sa mhullach air sin, déanaim tuarascáil bhliantúil na Comhairle a léamh le haon mhíréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais ar a ndearnadh iniúchadh a shainaithint. Déanaim breithniú ar na himpleachtaí do mo thuarascáil má thugaim faoi deara aon mhíráiteas nó aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha.

**Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais**

I gcomhlíonadh orduithe an Aire Sláinte, ní chuireann an Chomhairle costais teidlíochtaí aoisliúntais san áireamh ach de réir mar a bhíonn siad iníoctha. Ní chomhlíonann an bonn seo cuntasaíochta Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 17 a cheanglaíonn go n-aithnítear na costais sin sa bhliain ina dtuilltear na teidlíochtaí.

I mo thuairim, seachas caitheamh cuntasaíochta chostais agus dhliteanais aoisliúntas na Comhairle, tugtar seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2013 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana 2013 sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

Is í mo thuairim gur choimeád an Chomhairle leabhair chuí chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

**Ábhair ar a dTuairiscím trí Eisceacht**

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- Mura bhfuair mé an uile fhaisnéis agus mhíniúchán a theastaigh uaim chun m’iniúchadh a dhéanamh, nó
- Thug mé aon chás ábhartha faoi deara i m’iniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- Níl an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil na Comhairle comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- Ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh na Comhairle an Chóid Iompair le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- • tugaim faoi deara gurb ann d’ábhair eile lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.



Patricia Sheehan
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
An 30 Meitheamh 2013

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

# An Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

**1.** Thar cheann chomhaltaí na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, is mian liom ár bhfreagracht a aithint a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta go cuí agus go gcuirtear iad i dtaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil.

**2. Príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

Ghlac an Chomhairle bearta lena chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm, tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir,
- Glacadh leis na prionsabail rialachais chorparáidigh a chuimsítear sa *Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit*, lena n-áirítear:
    - o Dearbhú um chomhlíonadh na dtreoirlínte soláthair amhail a leagtar amach iad sa Chód
    - o Dearbhú um chomhlíonadh sócmhainní diúscartha agus rochtana ar shócmhainní ag tríú páirtithe amhail a leagtar amach iad sa Chód
    - o Dearbhú um chur i bhfeidhm bheartas an Rialtais ar luach saothair POF
    - o Athbhreithniú déanta agus bail chríche curtha ar beartais agus nósanna imeachta le héfeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochta na heagraíochta agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach faisnéis rialta bhainistíochta, córas tairmligin agus freagrachta, sraith nósanna imeachta airgeadais, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus seiceálacha diana leanúnacha ag an bhfeidhm airgeadais. Áirítear leis, go sonrach:

- Córas cuimsitheach buiséadta ag a bhfuil buiséad bliantúil, a ndéanann comhaltaí na Comhairle athbhreithniú agus faomhadh air.
- Teorainneacha údaraithe a leagan amach le haghaidh íocaíocht amach chistí na Comhairle.
- Athbhreithniú rialta ag an gComhairle ar fhaisnéis agus tuarascálacha tréimhsiúla agus bhliantúla (cuntais bhainistíochta san áireamh), a thugann feidhmíocht i leith na mbuiséad le fios.

Bunaíodh an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais in 2009. Chas an Coiste ar a chéile 6 huaire in 2013.

## An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

## An Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Bunaíodh meicníochtaí chun leordhóthanacht shlándáil na gcóras Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a chinntiú, a n-áirítear leo beartais agus nósanna rialaithe oiriúnacha.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gComhairle a thuairiscíonn do Choiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais na Comhairle. Oibríonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann obair an iniúchóra sheachfhoinsithe inmheánaigh agus an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais faisnéis ar fáil do mhonatóireacht agus athbhreithniú na Comhairle ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Tá feidhmeannacht na Comhairle freagrach as forbairt agus cothabháil na creatlaí rialuithe airgeadais.

Ar aon dul le beartas sceithireachta CORU, dheimhnigh an t-oifigeach sceithireachta nach ndearnadh aon nochtadh sceithireachta i mbliain airgeadais 2013. Deimhnímid, anuas air sin, nár sainaithníodh aon neamhrialtachtaí airgeadais le linn an athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

**3. Athbhreithniú bliantúil ar rialuithe**

Dearbhaím, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013, gur thug an Chomhairle faoi athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

**Tom Jordan**

**An Cathaoirleach**

30/1/2014

**Dáta**

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

## An Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Comhairle

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005.

Comhlacht reachtúil iad atá freagrach as a chinntiú go gcleachtann gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh i dtimpeallacht rialaithe, faoi rialú agus sábháilte ar bhealach a chinnteoidh go soláthrófar seirbhísí ardchaighdeáin sláinte agus cúraim shóisialta don phobal.

Ceanglaíonn Alt 21, Cuid 1 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 ar an gComhairle gach gnáthchuntas agus cuntas cuí a choimeád ar an airgead uile a fhaigheann nó a chaitheann siad, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe. Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear an méid a leanas ar an gComhairle:-

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an Chomhairle i mbun feidhme
- aon imeacht ábhartha ó na Caighdeáin infheidhme Chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Féadfaidh an Chomhairle a dheimhniú gur chomhlíon siad na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád, ina nochtar le cruinneas réasúnta, staid airgeadais na Comhairle, ag aon tráth, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 21, Cuid 1 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta, 2005. Tá an Chomhairle freagrach, chomh maith, as a gcuid sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a bhrath nó a chosc.

**Tom Jordan**
**An Cathaoirleach**

**Ginny Hanrahan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

20/6/2014
**Dáta**

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

# An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

**Ginearálta**

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 chun gairmeacha ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialta a rialáil.

**1. Bonn na Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, seachas sna cásanna a thugtar le fios thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a bhíonn siad infheidhme. Is é an t-aonad airgeadra an Euro.

**2. Deontais an Oireachtais**

Léirítear ioncam a léirítear sna cuntais faoi Dheontais an Oireachtais a chur i gcuntas ar bhonn fáltais airgid.

**3. Táillí Cláraithe**

Léirítear ioncam sna cuntais faoi Tháillí Cláraithe a chur i gcuntas ar bhonn fáltais airgid.

**4. Sócmhainní Seasta agus Dímheas**

(i) Luaitear sócmhainní seasta ar costas lúide dímheas carnach.

(ii) Dímheastar Sócmhainní Seasta ar a gcostas stairiúil lúide dímheas carnach. Gearrtar dímheas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne dhíreach, ar na rátaí a leagtar amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, atá coigeartaithe ar mhaithe le luach iarmharach, thar a saolré ionchasach úsáide, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feistis | 20% |
| Trealamh TF/oifige | 33.3% |

**5. An Cuntas Caipitil**

Léiríonn an Cuntas Caipitiúil luach an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

**6. Aoisliúntas**

Forálann Alt 13 den Acht um Fhuinneamh, 2005 do bhunú scéime(anna) aoisliúntais ag an gComhairle. Scéim sochair shainithe atá sa scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990. Tá an scéim á hoibriú ar bhonn riaracháin ar feitheamh fhaomhadh an Aire Sláinte le toiliú an Aire Airgeadais.

Rinneadh an dlí d'Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus Forálacha Eile), 2012 an 28 Iúil 2012 agus thug sé isteach Scéim nua Pinsin Seirbhíse Poiblí ("Scéim Shingil") ar cuireadh tús leis le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Comhaltaí den Scéim Shingil iad gach fostaí nua leis an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta arb iontrálaithe nua iad chuig an Earnáil Phoiblí, an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin.

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

## An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2013 | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2012 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas an Státchiste | 1 | 1,813,210 | 1,619,638 |
| Táillí Cláraithe | 2 | 392,293 | 66,470 |
| Ioncam Ilghnéitheach | | 860 | 1,830 |
| Ioncam ó Iasachtú Foirne | 3 | 109,618 | 108,298 |
| Asbhaintí Aoisliúntais Fostóra | | 36,429 | 35,920 |
| | | 2,352,410 | 1,832,156 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitiúil | 13 | (79,674) | (66,930) |
| | | 2,272,736 | 1,765,226 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail | 7 | 1,298,144 | 1,003,717 |
| Taisteal Foirne | | 30,684 | 18,940 |
| Costais Bhunaíochta | 4 | 40,825 | 60,922 |
| Riaracháin Oifige | 5 | 332,475 | 290,563 |
| Clárúchán | 6 | 186,807 | 35,939 |
| Táillí Dlíthiúla agus Gairmithe | 8 | 224,553 | 163,713 |
| Oideachas/CPD | | 49,034 | 44,275 |
| Táillí Iniúchta | | 5,000 | 6,710 |
| Táillí Cuntasaíochta | | 97,735 | 96,042 |
| Dímheas | | 35,016 | 29,198 |
| | | **2,300,273** | **1,750,019** |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | | (27,537) | 15,207 |
| Barrachas ag tús na bliana | | 63,230 | 48,023 |
| Barrachas ag deireadh na bliana | | **35,693** | **63,230** |

**Aithnítear gach caillteanas agus gnóthachan sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 18 cuid de na ráitis airgeadais seo.**

**Tom Jordan**
**An Cathaoirleach**

**Ginny Hanrahan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

30/1/2014
**Dáta**

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

## An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | An 31 Nollaig 2013 | An 31 Nollaig 2012 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní faoi Fhorbairt | 9 | 163,350 | 84,000 |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 10 | 49,613 | 49,289 |
| | | 212,963 | 133,289 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead sa bhanc | | 174,690 | 87,714 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 11 | 25,988 | 18,593 |
| | | 200,678 | 106,307 |
| **Creidiúnaithe (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 12 | (93,645) | (43,077) |
| Soláthar | 14 | (71,340) | - |
| | | (164,985) | (43,077) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 35,693 | 63,230 |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **248,656** | **196,519** |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| An Cuntas Caipitil | 13 | 212,963 | 133,289 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 35,693 | 63,230 |
| | | **248,656** | **196,519** |

**Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 18 cuid de na ráitis airgeadais seo.**

**Tom Jordan**
**An Cathaoirleach**

20/6/2014
**Dáta**

**Ginny Hanrahan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

## An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid
## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013

| | Nótaí | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2013 | An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2012 |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an bharrachais don bhliain go dtí airgead ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | | (27,537) | 15,207 |
| Muirear dímheasa | 10 | 35,016 | 29,198 |
| (Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe | | (7,395) | 9,620 |
| Méadú/(Laghdú) ar chreidiúnaithe | | 121,908 | (45,141) |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | 1,928 | - |
| Gluaiseacht ar an gcuntas caipitiúil | | 79,674 | 66,930 |
| Glan-insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | 203,594 | 75,814 |
| **An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid** | | | |
| Glan-insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | 203,594 | 75,814 |
| **Torthaí ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísiú Airgeadais** | | | |
| Caiteachas Caipitil | 9 & 10 | (116,618) | (96,128) |
| **Méadú/(laghdú) ar airgead don bhliain** | | **86,976** | **(20,314)** |
| **Réiteach an Ghlansreafa Airgid do Ghluaiseacht sna Glanchistí** | | | |
| Glanmhéadú(glanlaghdú) ar airgead agus coibhéisí airgid | | 86,976 | (20,314) |
| Glanchistí ag tús na bliana | | 87,714 | 108,028 |
| Glanchistí ag deireadh na bliana | | **174,690** | **87,714** |

**Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 18 cuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

**Tom Jordan**
**An Cathaoirleach**

**Ginny Hanrahan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

30/11/2014

**Date**

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

## Nótaí (a chruthaíonn cuid de na ráitis airgeadais)

| 1.Deontas an Státchiste | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fotheideal E1 na Roinne Sláinte | 1,682,194 | 1,536,000 |
| Fotheideal H Vóta 38 na Roinne Sláinte (caipitil) | 131,016 | 83,638 |
| | **1,813,210** | **1,619,638** |

**2. Táillí Cláraithe**

Mar chuid den idirbheartaíocht faoin gComhaontú Náisiúnta Pá, chomhaontaigh an Rialtas gur laghdaíodh na táillí cláraithe agus athnuachana ó €295 sa bhliain in aghaidh an iarratasóra anuas go dtí €100. Bhí éifeacht leis an táille laghdaithe seo ón 1 Eanáir 2013 go dtí deireadh 2016.

B’ann do thréimhse idirthréimhseach 2 bhliain le haghaidh cleachtóirí reatha oibre sóisialta chun iarratas a dhéanamh ar chlárú. Ba é an spriocdháta an 31 Bealtaine 2013 agus fuarthas tromlach na n-iarratas sa tréimhse díreach roimh an spriocdháta seo. In 2012, ní dhearna ach iontrálaithe nua ar ghairm na hoibre sóisialta iarratas.

| 3. Ioncam ó Iasachtú Foirne | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) | 109,618 | 108,298 |
| | **109,618** | **108,298** |

Baineann an t-ioncam seo le 2 chomhalta foirne den Bhord Náisiúnta um Cháilíochtaí Oibre Sóisialta a athfhostaíodh go buan trí shocrú iasachta leis an HIQA ar dhíscaoileadh an NSWQB an 31 Márta 2011. Tá an socrú iasachta fós i bhfeidhm go dtí go gcuirfear an reachtaíocht leasaithe i bhfeidhm a chuirfidh ar chumas an HIQA comhaltaí foirne a cheapadh ar bhonn buan. Athghearrtar a gcostais tuarastail ar an HIQA ar bhonn míosúil.

| 4. Costais Bhunaíochta | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cíos, Rátaí agus Muirir Sheirbhíse | - | - |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | 1,621 | 17,909 |
| Soilsiú agus Teas | 21,425 | 21,293 |
| Glantachán | 9,445 | 9,806 |
| Árachas | 3,488 | 7,368 |
| Slándáil | 4,846 | 4,546 |
| | **40,825** | **60,922** |

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

## Nótaí (a chruthaíonn cuid de na ráitis airgeadais)

| **5. Riaracháin Oifige** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Guthán | 17,495 | 12,046 |
| Forbairtí TF | 10,484 | 11,981 |
| Ceadúnais TF | 12,576 | 14,455 |
| Tacaíocht agus Cothabháil TF | 81,734 | 34,765 |
| Iniúchtaí Slándála TF | 6,519 | - |
| Costais Pháipéarachais agus Oifige | 38,799 | 29,246 |
| Muirir Earcaíochta agus Foireann Ghníomhaireachta | 12,935 | 39,479 |
| Oiliúint Foirne agus Comhdhálacha | 40,725 | 47,112 |
| Stipinn an Chathaoirligh | 8,978 | 8,978 |
| Oiliúint na gComhaltaí | 19,375 | 6,983 |
| Costais Chruinnithe an Bhoird agus na Comhairle | 62,800 | 53,591 |
| Suibscríbhinní | 3,949 | 3,986 |
| Táillí Bainc | 2,147 | 1,076 |
| Soláthairtí Oifige agus Costais Ghinearálta Oifige | 5,487 | 5,731 |
| Cló agus Foilseacháin | 8,472 | 21,134 |
| | **332,475** | **290,563** |

| **5(a). Miondealú ar Chostais Chruinnithe an Bhoird agus na Comhairl** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Cruinnithe na Comhairle – Seomra a Fhruiliú | 10,460 | 8,251 |
| Cruinnithe na Comhairle – Taisteal | 13,140 | 13,431 |
| Costais Toghcháin | - | 1,037 |
| Fochoiste – Seomra a Fhruiliú | 1,887 | 670 |
| Fochoiste – Taisteal | 1,267 | 1,832 |
| Cruinnithe an Bhoird Chláraithe (5 Bhord) – Seomra a Fhruiliú | 6,232 | 7,452 |
| Cruinnithe an Bhoird Chláraithe (5 Bhord) – Taisteal | 29,814 | 20,918 |
| | **62,800** | **53,591** |

| **6. Clárúchán** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Measúnú agus Próiseáil Iarratas | 162,113 | 19,558 |
| Comhairliúchán agus Fógairt Phoiblí | 17,314 | 16,381 |
| Léarscáiliú Próisis agus Feabhsú Cáilíochta | 7,380 | - |
| | **186,807** | **35,939** |

| **7. Tuarastail** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tuarastail | 1,171,503 | 971,872 |
| Costais Phinsin | 31,012 | 31,845 |
| Tacaíocht Sheachfhoinsithe | 95,629 | - |
| | **1,298,144** | **1,003,717** |

B'ionann an líon iomlán WTEanna a bhí fostaithe ag an gComhairle ag deireadh na bliana agus 20 anuas ar an POF (2012 - 16). Áirítear leis an muirear costais a bhaineann leis an mbeirt foirne a athfhostaíodh le HIQA ar dhíscaoileadh an NSWQB nach n-áirítear sa WTE.

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| Iomlán na dtuarastal a íocadh | 1,171,503 | 971,872 |
| Costais na foirne ar iasacht (nach n-áirítear leis an WTE) | (109,618) | (108,298) |
| Costais foirne | 1,061,885 | 863,574 |

Asbhaineadh €49,007 (2012: €45,773) de thobhach pinsin ó thuarastail agus íocadh é leis an Roinn Sláinte.

**Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Athghearrann Ospidéal Beaumont costais tuarastail an POF ar an gComhairle. Ba í an tsuim iomlán a aisíocadh le hOspidéal Beaumont Hospital i dtaca le tuarastal an POF in 2013 agus €99,281 (2012 - €106,779), pinsean €20,463 (2012 - €21,055) agus muirear riaracháin €750 (2012 - €750). Léirítear na suimeanna seo sna Costais Tuarastail thuas.

Ní bhfuair an POF aon phá a bhain le feidhmíocht ná aon liúntas BIK. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an POF na teidlíochtaí caighdeánacha a shonraítear sa scéim shamhlach aoisliúntais shochair shainithe de chuid na hearnála poiblí.

Dheimhnigh an POF costais maidir le Taisteal agus Cothabháil arb ionann agus €8,896 ar an iomlán in 2013 (2012: €7,986) agus áiríodh €6,705 leis seo maidir le taisteal iasachta (€5,894 in 2012).

| | **2013** | **2013** | **2012** | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | **Stipinn** | **Costais** | **Stipinn** | **Costais** |
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Tom Jordan | 8,978 | 1,096 | 8,978 | 329 |
| | **8,978** | **1,096** | **8,978** | **329** |

**Ní fhaigheann aon chomhalta eile den Chomhairle, Coiste nó de na Boird Chlárúcháin íocaíocht i dtaca lena mballraíocht.**

# Nótaí (a chruthaíonn cuid de na ráitis airgeadais)

| 8. Táillí Dlíthiúla agus Gairmithe | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Dlí Ginearálta | 48,738 | 21,162 |
| Táillí Dlí – Rialála | 31,951 | 63,706 |
| Táillí Dlí – Oiriúnacht chun Cleachtadh | 6,251 | - |
| Soláthar | 13,175 | 4,663 |
| Bainistíocht Riosca | 13,106 | - |
| Cosaint Sonraí/Bainistíocht Cáipéisí | 1,135 | - |
| Bainistíocht agus Cumarsáide na bPáirtithe Leasmhara | 44,874 | 40,307 |
| Forbairt na hEagraíochta agus Iniúchadh Inmheánach | 60,532 | 23,420 |
| Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta | 640 | 4,305 |
| Forbairtí Straitéisí | 4,151 | 6,150 |
| | **224,553** | **163,713** |

**9. Sócmhainní faoi Fhorbairt**

| | Clárú an HSCPC/ Córas Oideachais/Bainistíochta Cásanna |
|---|---|
| | € |
| Costas amhail an 1 Eanáir 2013 | 84,000 |
| Costais forbartha arna gcaipitliú | 79,350 |
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | **163,350** |

Caipitlítear costais forbartha an chórais de réir mar a fhabhraítear iad. Ní chuirfear tús le dímheas na sócmhainne go dtí go bhfuil an tsócmhainn á húsáid.

## Nótaí (a chruthaíonn cuid de na ráitis airgeadais)

| 10. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | Daingneáin agus Feistis | Trealamh TF/Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Costas** | | | |
| Costas amhail an 1 Eanáir 2013 | 31,497 | 122,243 | 153,740 |
| Breisiúcháin sa bhliain | - | 37,268 | 37,268 |
| Diúscairtí sa bhliain | (5,465) | (9,510) | (14,975) |
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | **26,032** | **150,001** | **176,033** |
| **Dímheas** | | | |
| Dímheas Carnach amhail an 1 Eanáir 2013 | 18,204 | 86,247 | 104,451 |
| Dímheas sa bhliain | 4,820 | 30,196 | 35,016 |
| Diúscairtí sa bhliain | (5,169) | (7,878) | (13,047) |
| Dímheas Carnach amhail an 31 Nollaig 2013 | **17,855** | **108,565** | **126,420** |
| **Glanluach Leabhar** | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2013 | **8,177** | **41,436** | **49,613** |
| Amhail an 31 Nollaig 2012 | **13,293** | **35,996** | **49,289** |

| 11. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Feichiúnaithe Eile | 9,303 | 9,079 |
| Réamhíocaíochtaí | 16,685 | 9,514 |
| | **25,988** | **18,593** |

Meastar go bhfuil gach iarmhéid féichiúnaí in-aisghnóthaithe laistigh de bhliain amháin.

| 12. Creidiúnaithe (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe Trádála | - | - |
| Cáin Bhreisluacha | - | 1,313 |
| Cárta Creidmheasa | 1,799 | 1,322 |
| Fabhruithe | 88,301 | 40,442 |
| Seirbhísí Gairmiúla a Shiarchoinneáil Cáin | 3,545 | - |
| | **93,645** | **43,077** |

# Nótaí (a chruthaíonn cuid de na ráitis airgeadais)

| 13. An Cuntas Caipitil | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 133,289 | 66,359 |
| Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | |
| Cistiú chun sócmhainní seasta a fháil | 116,618 | 96,128 |
| Lúide: An tsuim a caitheadh ar dhiúscairt sócmhainní | (1,928) | - |
| Lúide: Amúchadh ar aon dul le dímheas | (35,016) | (29,198) |
| | 79,674 | 66,930 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **212,963** | **133,289** |

**14. Soláthar**

Rinneadh soláthar sna ráitis airgeadais do sholáthar €71,340 i ndáil le críochnú an chonartha seirbhíse le haghaidh clárú, próiseáil iarratas agus seirbhís ghaolmhar tacaíochta a bhí ar bun go fóill ag deireadh na bliana.

**15. Cóiríocht Oifige**

Áitíonn an Chomhairle áitreabh i gCúirt an Rabhcháin, Átha an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18, atá ceadúnaithe acu ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) go dtí 2016. Soláthraíodh an chóiríocht oifige i gcomhchineál. Meastar gurb ionann luach an tsochair chomhchineáil seo agus thart ar €380,000 sa bhliain.

**16. Ceangaltais Chaipitiúla CORU**

Tá ceangaltais ag CORU maidir le tionscadal caiteachais TFC a bhaineann le Córas Bainistíochta Cásanna/Oideachais/Clárúcháin an HSCPC a chruthú. Déantar an tionscadal agus an caiteachas a leathadh thar chéim 5 bliana. Amhail dháta an chláir chomhardaithe, bhí ceangaltais ag CORU nár íocadh go fóill le haghaidh íocaíochtaí amach anseo ar an tionscadal, a meastar gurb ionann iad agus €147,776.

**17. Comhaltaí na Comhairle – Nochtadh Leasa**

Chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte a d’eisigh an Roinne Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí na Comhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta siúd i rith na bliana. Níorbh ann d’aon idirbheartaíochtaí sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí na Comhairle.

**18. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D’fhaomh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais an 27 Márta 2014.

## Mír 5:

# Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle

Tá tacaíocht laethúil na Comhairle agus na mBord Clárúcháin frámaithe thar líon limistéar agus leagtar amach na héachtaí laistigh de na limistéir seo amach thíos:

## Clárúchán

Is é clárúchán gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta bunchloch obair CORU chun an pobal a chosaint. Mar gheall ar chlárúchán, bíonn muinín ag muintir an phobail gur fios dóibh gur fíordheimhníodh seasamh agus cáilíochtaí gairmí go neamhspleách. Baineann gairmithe sochar ó chosaint a dteidil ghairmiúil, agus tacaítear leo trí chód iompair agus eitice gairmiúla.

Le linn 2013, rinneadh líon forbairtí tábhachtacha i gclárú gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta. Cuireadh deireadh leis an idirthréimhse le haghaidh oibrithe sóisialta an 31 Bealtaine 2013 agus rinne breis agus 3,500 oibrí sóisialta iarratas ar chlárú.

Osclaíodh an clár do Radagrafaithe agus do Theiripeoirí i nDeireadh Fómhair, agus i bhFeabhra cheap an tAire Sláinte na Boird Chlárúcháin le haghaidh Teiripeoirí Saothair, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus Diaitéiteach, agus b’ionann seo agus tús an aistir a fhad le rialáil do na trí shaghas gairmithe seo.

Thit chéad chruinnithe na mBord seo amach i Márta 2013 agus chuir siad go léir tús lena n-obair chun córas rialála a bhunú dá ngairmithe, agus béim ar leith ar Chritéir agus Caighdeáin na hInniúlachta agus Cóid Iompair agus Eitice Gairmiúla a fhorbairt.

Lean an próiseas ar aghaidh lenar bhain rialáil Optaiméadraithe agus Radarceolaithe Dáilte a aistriú ó Bhord na Radharceolaithe chuig CORU in 2013 nuair a fógraíodh go mbunófar Bord Eatramhach Clárúcháin Optúil in 2014. Táthar ag súil leis go mbunófar Bord Clárúcháin Optúil, ag a bhfuil feidhmeanna iomlána reachtúla faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú), in 2014.

Sa bhliain amach romhainn, táimid ag súil le breis dul chun cinn a dhéanamh nuair a cheapfaidh an tAire breis Boird Chlárúcháin agus nuair a osclófar na Cláir le haghaidh Teiripeoirí Saothair, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus Diaitéiteach.

I Márta 2013, mar thoradh ar Chomhaontú Bhóthar Haddington, rinneadh socruithe idir an Roinn Sláinte agus CORU chun an táille bhliantúil chlárúcháin atá le híoc ag gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta le CORU a laghdú anuas ó €295 go dtí €100. Beidh an táille laghdaithe seo i bhfeidhm go dtí 2016. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb ionann costas iarbhír an chlárúcháin agus €295 go fóill.

I gcaitheamh na bliana, rinne CORU idirchaidreamh le Biúró Náisiúnta Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána chun teorainn a leagan ar an méid ama a ghlacann sé ó iarratasóirí sé Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a fháil. Cosaint thábhachtach is ea Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána don phobal agus tá sé éigeantach go mbíonn sé ag gach iarratasóir ar chlárúchán CORU.

Cuireadh feabhas ar chóras clárúcháin ar líne CORU in 2013. Bhí ar chumas iarratasóirí ar chlárúchán iarratas a dhéanamh agus a dtáille chlárúcháin a íoc ar líne. Tugann an córas bealach tapa agus éifeachtúil d'úsáideoirí chun a gclárúchán le CORU a bhainistiú. Rinne breis agus 1,500 iarratasóir ar obair shóisialta iarratas agus an córas ar líne á úsáid. Leagann an rath a bhí ar an gcóras bonn daingean faoin bhainistíocht a dhéanamh ar chlárúchán amach anseo le haghaidh oibrithe sóisialta agus comhaltaí de ghairmeacha eile faoi shainchúram CORU.

## Ainmniúcháin na Comhairle le boird reachtúla eile

Faoi Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007, ní mór don Chomhairle comhalta amháin a ainmniú do Chomhairle na nDochtúirí Leighis.  I mbliana, ainmníodh Declan Carey thar ceann na Comhairle.

Faoin Acht Altranais agus Cnáimhseachais, 2011, ní mór don Chomhairle comhalta a ainmniú, chomh maith, ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann (an Bord Altranais roimhe seo). Ainmní na Comhairle a bhí in Michele Monahan.

## Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla

Is í Creatlach na Comhairle um Chód Iompair agus Eitice Gairmiúla an bhunchloch ar a mbunaíonn gach ceann de na Boird Chlárúcháin a gCóid faoi seach. Leagtar amach sna Cóid na caighdeáin iompair, feidhmíochta agus eitice nach mór do chomhalta den ghairm sin cloí leo i gcaitheamh a n-oibre. Beidh ar gach cláraí cloí le Cód reachtúil Iompair agus Eitice Gairmiúla.

Tá Creatlach na Comhairle faoi réir athbhreithniú rialta agus, go luath in 2013, bhí fóram plé ar bun ag CORU ar an gCreatlach, ar ar fhreastail comhaltaí na ngairmeacha a liostaítear, Bord na Radharceolaithe, an tÚdarás Iomaíochta, FSS agus Oifig an Ombudsman. Ghlac CORU leis na moltaí a rinneadh ag an bhFóram, agus d'eascair roinnt leasuithe ar an gCreatlach astu.

## Oideachas

I Márta 2013, sheol CORU comhairliúchán poiblí ar chreatlach a leagann na paraiméadair amach le haghaidh scéim Forbartha Leanúnaí Gairmiúla (CPD) do gach ceann de na gairmeacha liostaithe sláinte agus cúraim shóisialta.  Is é cuspóir na creatlaí seo a chinntiú, in ainneoin éagsúlacht na ngairmeacha atá le rialáil, go bhfuil treoirlínte coiteanna i bhfeidhm chun comhsheasmhacht an chuir chuige a sholáthar ar fud gach gairme.

Forbraíodh an dréachtchreatlach seo tar éis go ndearnadh athbhreithniú ar CPD agus ar rialáil ghairmiúil i ndlínsí eile, mar aon le hidirchaidreamh le comhlachtaí ionadaíocha na ngairmeacha liostaithe agus na bpáirtithe leasmhara eile.

A luaithe a bhunaítear an scéim CPD, beidh ar gach gairmí cláraithe tabhairt faoi CPD. Cuireann CPD le cleachtais shábháilte agus oiriúnacha agus baineann ríthábhacht leis chun an pobal a chosaint agus chun caighdeáin ghairmiúla a choimeád.

## Cumarsáid

De réir mar a leanaimid le Boird Chlárúcháin a oscailte, is tábhachtach go bhfuil an pobal agus príomhpháirtithe leasmhara eile ar an eolas faoi ról CORU agus go dtuigeann siad é.

Bunaíodh aonad cumarsáide in 2013 agus rinne an fhoireann iarracht shuntasach chun idirchaidreamh a dhéanamh le comhaltaí na ngairmeacha agus lena gcomhlachtaí gairmiúla, agus na bealaí a úsáid a shíltear is éifeachtaí. Cuireadh feabhas ar an láithreán gréasáin agus tugadh 112,454 cuairt uathúil air in 2013. Cuireadh réimse nua de threoracha faisnéise i dtoll a chéile, agus chuimsigh gach ceann díobh feidhm ar leith de chuid CORU. Ina measc bhí:

- Treoir maidir le CORU
- Treoir maidir le Clárúchán
- Treoir maidir leis an gCód Iompair agus Eitice Gairmiúla

Ar aon dul le dea-chleachtas san inrochtaineacht, bhain gach ceann de na treoracha seo marc an Bhéarla Neamhchasta amach ón NALA.

## Freagracht Chorparáideach

I mBealtaine 2013, d'fhoilsigh CORU Cairt nua Chustaiméirí a thug breac-chuntas ar na caighdeáin de sheirbhís do chustaiméirí ar féidir le cliaint agus le muintir an phobail bheith ag súil leo ó CORU. Anuas air sin, tugadh nós imeachta leasaithe um láimhseáil gearán isteach in 2013 chun meicníocht fhoirmiúil a sholáthar do chliaint chun dul i ngleic le gearáin faoi dhrochsheirbhís do chustaiméirí.

Anuas air sin, in 2013, tháinig CORU faoi shainchúram an Ombudsman, agus sholáthair siad limistéar breise sásaimh do chliaint. Táimid tiomanta do bheith mar eagraíocht oscailte agus trédhearcach, agus freagróimid go tapa ar theagmhálacha, fiosrúcháin agus do ghearáin.

## Cosaint Sonraí

In 2013, choimeád CORU a gclárúchán mar Rialtóir Sonraí leis an gCoimisiúin Cosanta Sonraí. I nDeireadh Fómhair, d'fhaomh an Chomhairle beartas nua Cosanta Sonraí. Ina dhiaidh seo, cheap CORU Oifigeach nua Cosanta Sonraí agus chuir siad oiliúint chuimsitheach ar an bhfoireann go léir agus cruthaíonn seo cuid den oiliúint ionduchtúcháin le haghaidh ceapadh foirne nua.

## Seirbhísí Corparáideacha

Tá sé ina ríthábhacht go bhfuil ár n-eagraíocht oiriúnach don chuspóir agus go bhfuil dóthain acmhainní acu lena chur ar ár gcumas tacú leis an gComhairle agus leis na Boird Chlárúcháin chun a sainchúraim reachtúla a chomhlíonadh. Lean Seirbhísí Corparáideacha le bainistíocht a dhéanamh ar phríomhlimistéir laistigh de CORU, lena n-áirítear an Fheidhm Airgeadais, Acmhainní Daonna, TFC, Seirbhís do Chustaiméirí agus Cumarsáid, Rialachas Corparáideach agus Iniúchadh Inmheánach.

Tá sainchúram tábhachtach ag Seirbhísí Corparáideacha chun feidhmeanna seirbhíse na heagraíochta a fhorbairt.  I gcaitheamh 2013, rinneadh breis acmhainní a infheistiú in AD chun riachtanais soláthair foirne agus eagraíochtúla CORU a bhainistiú.

## Seirbhísí Dlí

In 2013, lean ár rannóg dlí le comhairle a sholáthar ar fhorbairtí CORU agus ar léirthuiscint Acht 2005. Cuireadh athbhreithniú i gcrích ar chreatlach na Comhairle le haghaidh Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla. Áiríodh leis an athbhreithniú seo lá plé leis na páirtithe leasmhara, agus rinne an Chomhairle líon leasuithe, ina dhiaidh sin, ar an gCreatlach.

Anuas air sin, lean obair fhairsing ar siúl chun tacú leis an gCoiste um Oiriúnacht chun Cleachtadh maidir leis an gcreatlach a bhunú chun Oiriúnacht chun Cleachtadh a reáchtáil. Rinneadh líon beartas, nósanna imeachta, nótaí agus lámhleabhair threorach a thabhairt don Chomhairle in 2013. Tháinig an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú), 2012 i bhfeidhm an 1 Feabhra 2013. Tugadh isteach an reachtaíocht leasaithe seo chun dul i ngleic le roinnt gnéithe d'aithint cáilíochtaí gairmiúla a fuarthas lasmuigh den Stát mar aon le ceisteanna gaolmhara eile.

Anuas air sin, rinne na seirbhísí dlí idirchaidreamh leis an Roinn Sláinte agus moladh leasuithe ar Acht 2005. Chomh maith leis sin, chuir Ionstraim Reachtúil 385 de 2013 tús le forálacha an Achta a bhain le cosaint teideal a ainmníodh faoi Alt 4 den Acht.

Anuas air sin, d'éirigh le seirbhísí dlí le próiseas achomhairc chlárúcháin a fhorbairt a thabharfar isteach in 2014. Lean obair ar bun ar chur i bhfeidhm próiseas le haghaidh oibriú na meicníochtaí um Chosaint Teidil dá bhforáiltear san Acht.

## Sláinte agus Sábháilteacht/Saoire Bhreoiteachta

Tuairiscíodh teagmhas amháin sláinte agus sábháilteachta in 2013 a bhain le bainistíocht áiseanna. Cuireadh bearta réitigh i bhfeidhm chun cosc a chur ar atarlú na ceiste.

B'ionann meánlíon na laethanta breoiteachta in aghaidh an fhostaí in 2013 4 lá.

## An Fóram Rialachais don Chathaoirleach agus do POF Gníomhaireachtaí Sláinte

Tá CORU mar chuid den fhóram seo mar chomhalta d'Fhóram na Rialtóirí Sláinte agus Cúraim Shóisialta agus ghlac siad ról gníomhach in obair an fhóraim in 2013.

# 6. Cruinnithe agus Coiste na Comhairle

**An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**

**Líon chruinnithe na Comhairle Iomáine i rith 2013: 10**

**Comhaltaí agus Freastal ar chruinnithe na Comhairle in 2013**

| Ainm | An 21 Fea | An 21 Már | An 25 Aib | An 23 Bea | An 25 Mei | An 25 Iúil | An 12 M.F. | An 17 D.F. | An 14 Sam | An 12 Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Odhrán Allen | ✓** | ✓ | x | ✓ | x | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ |
| Inez Bailey | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | N |
| Richard Booth | ✓** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Jenny Bulbulia | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ |
| Declan Carey | ✓** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | x | ✓ |
| Marie Culliton | x ** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | x | ✓ | ✓ |
| Peter Davison*** | N | N | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Dorothy Donovan | x | x | x | x | x | N | N | N | N | N |
| Muiris FitzGerald | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Martin Higgins | ✓ | x | x | ✓ | x | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ |
| Dermott Jewell | ✓ | x | ✓ | x | x | ✓ | ✓ | x | x | N |
| Tom Jordan* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x |
| Deirdre Madden | N | N | N | N | N | N | ✓ | ✓ | x | ✓ |
| Joe Martin | N | N | N | N | N | N | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Tony McAleer | x** | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Caroline McIntosh | ✓** | ✓ | x | ✓ | SM | SM | SM | SM | SM | SM |
| Stephen McMahon | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | N | N | N |
| Halóg Mellett | ✓** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | x | x |
| Michele Monahan | ✓** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ |
| Maeve Murphy | ✓** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | x |
| John O'Mullane | ✓** | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ |
| David Power | x** | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | x |
| Pat Quinlan | x | ✓ | x | ✓ | x | ✓ | x | N | N | N |
| Kristin Quinn | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Jackie Reed | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | N | ✓ | ✓ | x | ✓ |
| Vivienne Starr*** | N | N | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Emma Stokes | ✓** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | x | ✓ | x |
| Ann Taylor | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | N | N | N | N | N |

**Gluais maidir le freastal ar chruinnithe:**

✓: arna fhreastal **x**: leithscéalta nó as láthair **SM**: Saoire Mháithreachais *: Cathaoirleach N: níl sé/sí ar an gComhairle ag an dáta seo **: Stádas breathnóra go dtí Márta *** Stádas breathnóra ó Aibreán

Toghadh an tUasal Declan Carey leis an gComhairle agus ceapadh 11 Bhreathnóir den Chomhairle mar chomhaltaí na Comhairle le héifeacht ón 21 Márta 2013.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Odhrán Allen** | **Tony McAleer** | **Michele Monahan** | **David Power** |
| **Richard Booth** | **Caroline McIntosh** | **Maeve Murphy** | **Emma Stokes** |
| **Marie Culliton** | **Halóg Mellett** | **John O'Mullane** | |

Ceapadh Inez Bailey i Márta 2013. D'ainmnigh an tAire Sláinte Vivienne Starr agus Peter Davison mar Bhreathnóirí den Chomhairle ó Bhord na Radharceolaithe in Aibreán 2013.

Ceapadh Deirdre Madden agus Joe Martin leis an gComhairle i Meán Fómhair 2013. Athcheapadh Jackie Reed i Meán Fómhair 2013.

**Bhí ceithre choiste ag an gComhairle in 2013:**

- Iniúchadh, riosca agus rialachas
- Airgeadas agus acmhainní
- Clárúchán agus oideachas
- Oiriúnacht chun cleachtadh

**An Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais**

**Ról:** Athbhreithniú a dhéanamh agus chun maoirsiú a sholáthar ar iontaofacht agus sláine na gcóras airgeadais, rialú inmheánach agus faisnéis oibríochtúil, athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis rialachais chorparáidigh agus ar chórais bhainistíochta riosca.

**Líon na gcruinnithe i rith 2013: 5**

**Ballraíocht**

Stephen McMahon, Cathaoirleach (téarma éagtha i Meán Fómhair 2013), Martin Higgins, Cathaoirleach, Odhrán Allen, Maeve Murphy, Harry McGeary (ceaptha i bhFeabhra 2013), David Purcell (ceaptha i Meitheamh 2013), Tim Dalton (téarma éagtha i bhFeabhra 2013).

**Príomhghníomhaíochtaí in 2013**

- Athbhreithniú agus faomhadh na ráiteas airgeadais don bhliain dar críoch 2012 lena gcur faoi bhráid an A-R C agus C.
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha airgeadais.
- Cairt Iniúchta Inmheánaigh CORU a fhorbairt agus chun athbhreithniú agus scrúdú a dhéanamh ar Thuarascálacha an Iniúchóra Inmheánaigh agus chun moltaí a dhéanamh don Chomhairle.

- Beartas Bainistíochta Riosca CORU a fhorbairt agus chun athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar na córais bhainistíochta riosca agus chun moltaí a dhéanamh don Chomhairle.
- Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an gCód Rialachais Chorparáidigh.

**Freastal - An Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais**

| Ainm | An 7 Fea | An 6 Már | An 9 Bea | An 9 D.F. | An 04 Nol |
|---|---|---|---|---|---|
| Stephen McMahon* | ✓ | ✓ | **Ar Scor** | | |
| Odhran Allen | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Maeve Murphy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Harry McGeary* | x | x | ✓ | ✓ | ✓ |
| David Purcell* | x | x | x | ✓ | ✓ |
| Tim Dalton | ✓ | ✓ | **Ar Scor** | | |
| Martin Higgins* (Cathaoirleach Eatramhach) | x | x | x | x | ✓ |

*Ceapúchán nua ón gcruinniú seo

**An Coiste Airgeadais agus Acmhainní**

**Ról:** Maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais agus ar riachtanais acmhainní CORU.

**Líon na gcruinnithe in 2013: 4**

**Ballraíocht:**

Martin Higgins (Cathaoirleach), Pat Quinlan (téarma éagtha i Meán Fómhair 2013), Tony McAleer, Tony Darmody (téarma éagtha i Meán Fómhair 2013), Caroline McIntosh, Joe Martin (ceaptha i Meán Fómhair 2013).

**Príomhghníomhaíochtaí in 2013:**

- Athbhreithniú déanta ar na dréachtráitis airgeadais don bhliain dar críoch 2012.
- Athbhreithniú déanta ar dhréachtbhuiséad agus ar dhréachtphlean 2013.
- Athbhreithniú agus monatóireacht déanta ar thuarascálacha ráithiúla ioncaim agus caiteachais, athraithis san áireamh.
- Athbhreithniú agus faomhadh a déanta ar aon athruithe ar chúrsaí airgeadais

**Freastal - An Coiste Airgeadais agus Acmhainní**

| Ainm | An 26 Feabhra | An 06 Meitheamh | An 20 Meán Fómhair | An 06 Samhain |
|---|---|---|---|---|
| Martin Higgins (Cathaoirleach) | ✓ | ✓ | **x** | ✓ |
| Pat Quinlan | ✓ | ✓ | ✓ | **Ar Scor** |
| Tony McAleer | ✓ | **x** | ✓ | ✓ |
| Tony Darmody | ✓ | **x** | ✓ | **Ar Scor** |
| Caroline McIntosh | ✓ | **x** | **x** | **x** |
| Joe Martin | | | | **Y**<br>Ceapachán nua |

**An Coiste Clárúcháin agus Oideachais**

**Ról:** Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartais agus nósanna imeachta maidir le clárúchán agus le hoideachas

**Ballraíocht**

Dr Ann Taylor; Halog Mellett; Maeve Murphy; Jackie Reed; Odhrán Allen; an tOllamh Muiris Fitzgerald; Lorraine Horgan; Marie Culliton

Cuireadh deireadh le téarma Ann Taylor mar chathaoirleach an choiste in Iúil 2013. Chomhaontaigh Marie Culliton chun gníomhú mar chathaoirleach eatramhach don chruinniú an 8 Iúil 2013. Toghadh Jackie Reed mar chathaoirleach an choiste an 27 Lúnasa 2013.

**Líon na gcruinnithe in 2013: 7**

**Príomhghníomhaíochtaí in 2013**

- Forbraíodh Creatlach CPD.
- Forbraíodh Creatlach Cháilíochtaí Stairiúla.
- Forbraíodh próiseas chun déileáil le hiarratais dhéanacha.
- Beartas ar athchur ar an gclár tar éis baint dheonach.
- Forbraíodh próiseas faofa cáilíochtaí chun cláir reatha a aistriú chuig córas rialála CORU.
- Forbraíodh beartas ar fhaomhadh agus ar mhonatóireacht a dhéanamh ar chláir oideachais agus oiliúna.
- Forbraíodh beartas ar Chritéir agus Caighdeáin na hInniúlachta le haghaidh Chreatlach na gClár Oideachais agus Oiliúna agus do riachtanais maidir le socrúcháin chleachtais.

**Freastal – An Coiste Oideachais agus Clárúcháin**

| Ainm | An 28 Ean | An 04 Márta | An 08 Aib | An 30 Bea | An 08 Iúil | An 27 Lún | An 25 Sam |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ann Taylor | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Odhrán Allen | x | x | ✓ | ✓ | x | x | ✓ |
| Lorraine Horgan | x | x | x | ✓ | x | ✓ | ✓ |
| Maeve Murphy | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | ✓ | ✓ |
| Jackie Reed | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Muiris FitzGerald | x | ✓ | ✓ | ✓ | x | x | ✓ |
| Marie Culliton | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Halóg Mellett | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

**An Coiste um Oiriúnacht chun Cleachtadh**

**Ról:** Tacú le forbairt na feidhme um Oiriúnacht chun Cleachtadh

**Ballraíocht:**

Kristin Quinn (Cathaoirleach), Dorothy Donovan, Deirdre Madden, Emma Stokes, Fionnuala Cook, Jenny Bulbulia, Marie Culliton, Mary O'Donnell, Richard Booth

**Líon na gcruinnithe in 2013: 7**

**Príomhghníomhaíochtaí in 2013**

- Cuireadh athbhreithniú i gcrích ar Chreatlach na Comhairle le haghaidh Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla a raibh lá plé i gceist leis na páirtithe leasmhara i bhFeabhra.
- Leanadh le dréachtbheartais, dréachtnósanna imeachta agus dréacht-treoir a fhorbairt ar mhaithe le hOiriúnacht chun Cleachtadh a oscailt.
- Tosaíodh le cumarsáid, bonneagar agus pleananna acmhainní a fhorbairt ar mhaithe le hOiriúnacht chun Cleachtadh a oscailt.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar Phróiseas Achomhairc Chlárúcháin na Comhairle.

**Freastal: An Coiste um Oiriúnacht chun Cleachtadh**

| Ainm | An 7 Ean | An 16 Ean | An 7 Már | An 2 Bea | An 4 Iúil | An 5 M.F. | An 7 Sam |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Richard Booth | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ |
| Jenny Bulbulia | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ |
| Fionnuala Cook | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ |
| Marie Culliton | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | x | x |
| Dorothy Donovan* | x | x | x | x | **Ar Scor** | | |
| Ursula Fernée | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x |
| Kristin Quinn* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Emma Stokes | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | x |
| Deirdre Madden** | | | | | | | ✓ |
| Mary O'Donnell** | | | | | | | ✓ |

* Chuaigh Dorothy Donovan ar scor ón gCoiste in Iúil 2013.

** Chuaigh Deirdre Madden agus Mary O'Donnell leis an gCoiste i nDeireadh Fómhair 2013.

**Ballraíocht na Comhairle:**

**Tom Jordan**

Cathaoirleach

*Ní ó ghairm atá le rialáil atá an t-ionadaí*

Arna fhreastal ar 9 as 10 gCruinniú na Comhairle



**Pat Quinlan**

Ionadaí Bainistíochta Príobháidí Sláinte/ Cúraim Shóisialta

Arna fhreastal ar 3 as 7 gCruinniú na Comhairle*

*d'fhág sé an Chomhairle i nDeireadh Fómhair



**John O'Mullane**

*Ionadaí na mBithphoitigéirí Cliniciúla*

Arna fhreastal ar 8 as 10 gCruinniú na Comhairle



**Martin Higgins**

*Ionadaí Leasa Phoiblí*

Arna fhreastal ar 6 as 10 gCruinniú na Comhairle



**Halóg Mellet**

*Ionadaí na nDiaitéiteach*

Arna fhreastal ar 7 as 10 gCruinniú na Comhairle



**Kristin Quinn**

*Ionadaí Leasa Phoiblí*

Arna freastal ar 10 as 10 gCruinniú na Comhairle



**Marie Culliton**

*Ionadaí na nEolaithe Míochaine*

Arna freastal ar 7 as 10 gCruinniú na Comhairle



**Deirdre Madden**

*Ionadaí Leasa Phoiblí*

Arna freastal ar 3 as 4 Chruinniú na Comhairle*
*Ceaptha i Meán Fómhair



**Odhrán Allen**

*Iondaí na dTeiripeoirí Saothair*

Arna fhreastal ar 7 as 10 gCruinniú na Comhairle



**Joe Martin**

*Ceaptha ag an Aire*

Arna fhreastal ar 4 as 4 Chruinniú na Comhairle*
*Ceaptha i Meán Fómhair



**Tony McAleer**

*Ionadaí na nOrtoptach*

Arna fhreastal ar 8 as 10 gCruinniú na Comhairle



**Jenny Bulbulia**

*Ceaptha ag an Aire*

Arna freastal ar 8 as 10 gCruinniú na Comhairle



### Emma Stokes

*Iondaí na bhFisiteiripeoirí*

Arna freastal ar 7 as 10 gCruinniú na Comhairle



### Muiris Fitzgerald

*Ceaptha ag an Aire*

Arna fhreastal ar 9 as 10 gCruinniú na Comhairle



### Caroline McIntosh

*Ionadaí na gCoslianna*

Arna freastal ar 3 as 10 gCruinniú na Comhairle




### Vivienne Starr

*Breathnóir Bhord na Radharceolaithe*

Arna freastal ar 7 as 8 gCruinniú na Comhairle*
*Ceaptha in Aibreán 2013



### Richard Booth

*Ionadaí na Síceolaithe*

Arna fhreastal ar 10 as 10 gCruinniú na Comhairle



### Peter Davison

*Breathnóir Bhord na Radharceolaithe*

Arna fhreastal ar 6 as 8 gCruinniú na Comhairle*
*Ceaptha in Aibreán 2013



### Michele Monahan

*Ionadaí na Radagrafaithe*

Arna freastal ar 9 as 10 gCruinniú na Comhairle



### Stephen McMahon

*Arna fhreastal ar 6 as 7 gCruinniú na Comhairle**
**D'fhág sé an Chomhairle i Meán Fómhair 2013*



## David Power



*Ionadaí Cúraim Shóisialta*

Arna fhreastal ar 5 as 10 gCruinniú na Comhairle

## Ann Taylor




*Arna freastal ar 4 as 5 Chruinniú na Comhairle**

*D'fhág sí an Chomhairle in Iúil 2013

## Declan Carey



*Ionadaí na nOibrithe Sóisialta*

Arna fhreastal ar 8 as 10 gCruinniú na Comhairle

## Inez Bailey



*Arna freastal ar 7 as 8 gCruinniú na Comhairle**

*Ceaptha i Márta 2013, d'fhág an Chomhairle i Nollaig 2013

## Jackie Reed



*Ionadaí Bainistíochta Poiblí Sláinte/Cúraim Shóisialta*

Arna freastal ar 8 as 9 gCruinniú na Comhairle*

*níor chomhalta í den Chomhairle in Iúil

## Dorothy Donovan




*Arna freastal ar 0 as 5 Chruinniú na Comhairle**

*D'fhág sí an Chomhairle in Iúil 2013

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

RPC005114_GA_WB_I_1

# Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta

# Tuarascáil Bhliantúil

## 7.1 Tuarascáil Bhliantúil - Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta

**Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord na nOibrithe Sóisialta le linn 2013, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2013 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).**

RPC005114_GA_WB_I_1

# Brollach

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2013 san aistriú chuig ré nua rialála i gcúram sláinte na hÉireann.  Ceanglaíodh ar gach oibrí sóisialta a bhí i mbun cleachtaidh sa stát iarratas a dhéanamh ar chlárúchán roimh an 31 Bealtaine.  Gearrtar pionóis shuntasacha má theipeann orthu an ceanglas reachtúil seo a chomhlíonadh agus leanúint ar aghaidh agus teideal oibrí shóisialta a úsáid. Garsprioc thábhachtach is ea seo i dtiomantas na Roinne Sláinte do chosaint níos fearr a sheachadadh don phobal nuair a dhéanann siad idirchaidreamh le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta.

Ligeann an Clár, ar féidir féachaint air ag www.coru.ie, do mhuintir an phobail seiceáil an bhfuil nó nach bhfuil oibrí sóisialta cláraithe agus féadfaidh siad a bheith cinnte go bhfuil an duine aonair seo mar chuid de ghairm a bhain na caighdeáin riachtanacha d’iompar agus d’fheidhmíocht amach.

Gabhaimid buíochas leis na hoibrithe sóisialta siúd, lena bhfostóirí agus le go leor eile a rinne idirchaidreamh gníomhach le hobair an Bhoird trí chomhairliúcháin phoiblí agus pháirtithe leasmhara le roinnt blianta anuas d’fhonn an spriocdháta tábhachtach seo a bhaint amach.

Ar an iomlán, fuair an Bord Clárúcháin breis agus 3,500 iarratas faoin 31 Bealtaine, agus ba líon ní b’airde seo ná mar a rabhthas ag súil leis i dtosach báire, agus thug seo feasacht le fios ar an dualgas a leagtar chun clárú a dhéanamh agus ar thábhacht na rialála go ginearálta. Cuireadh líon suntasach de na hiarratais seo ar aghaidh trí chóras cláraithe ar líne CORU a sholáthair bealach éifeachtúil agus éasca le húsáid trínár féidir bheith páirteach sa phróiseas cláraithe.

Mar chonclúid, bhí bliain dhúshlánach ach bhisiúil ag an mBord, a chas 13 huaire ar a chéile in 2013, fad a bhí an Clár á bhunú agus á choimeád acu. Ba dheas linn buíochas a chur in iúl do gach comhalta den Bhord as ucht a n-iarrachtaí agus a saineolais.

Táimid ag dréim le hoibriú leis an ngairm arís eile in 2014 nuair a dhéanfar breis dul chun cinn i rialáil oibrithe sóisialta, ach gach ceann ar mhaithe le sábháilteacht an phobail. Forbróimid na riachtanais le haghaidh Forbairt Leanúnach Ghairmiúil agus táimid ag dréim le hoibriú leis an gComhairle maidir le Cosaint Teidil agus Oiriúnacht chun Cleachtadh.

Tá na ceisteanna seo ag lár ár sainchúraim chun an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin ghairmiúla agus inniúlachta a chothú laistigh den ghairm.



**Val O’Kelly**
**Cathaoirleach**
**Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta**



**Ginny Hanrahan**
**Cláraitheoir**
**Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta**

# Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2013

**Cúlra**

Ceapadh Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta i Lúnasa 2010 agus ba iad an chéad Bhord a bunaíodh faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) (an tAcht).

Forálann an tAcht go gceapann an Bord 13 chomhalta dheonacha. Comhaltaí tuata iad seachtar díobh, agus is ainmnithe gairmiúla iad an seisear atá fanta, a dhéanann ionadaíocht don mhéid a leanas:

- Oideachasóirí
- Bainisteoirí
- Oibrithe sóisialta a dhéanann ionadaíocht do sheirbhísí túslíne.

Is í an tUasal Val O'Kelly Cathaoirleach Bhord Clárúchán na nOibrithe Sóisialta.

Ceapadh Mairéad Harrington, Anthony McCashin, Carol Moore leis an mBord i gcaitheamh 2013. Anuas air sin, ceapadh Suzanne Costello leis an mBord ach bhí uirthi seasamh anuas mar gheall ar thiomantais.

In Eanáir 2013, d'ainmnigh an Bord an tUasal Declan Carey mar chomhalta tofa (gairmiúil) leis an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh.

Chas an Bord ar a chéile ar a laghad uair sa mhí i rith 2013 agus bhí 13 chruinniú ar bun ar an iomlán sa bhliain.

Ag deireadh 2013, bhí trí fholúntas ann ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta.

**Ról**

Faoin Acht, is é ról na mBord Clárúcháin ag CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d'iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chur chun cinn trí chlárúchán reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta ag CORU freagrach as an méid a leanas:

- Clár chomhaltaí na gairme a bhunú agus a choimeád
- Na cáilíochtaí a mheasúnú agus a aithint a baineadh amach lasmuigh den Stát
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An cód iompair agus eitice gairmiúla a leagan amach
- Na riachtanais a leagan amach le haghaidh forbairt leanúnach ghairmiúil.

## Clárúchán

Ba bhliain díol suntais 2013 do ghairm na hoibre sóisialta in Éirinn. Sonraíodh sa bhliain an spriocdháta chun iarratais a fháil ar chlárúchán ó chleachtóirí reatha oibre sóisialta an 31 Bealtaine. I ndiaidh an dáta sin, níl ach cleachtóirí a bhfuil cáilíocht reatha fhaofa acu i dteideal iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Cé go ndearnadh rialáil ar roinnt gairmeacha, ar nós dochtúirí agus altraí ar feadh go leor blianta, seo an chéad uair nach mór do gach oibrí sóisialta dualgais dhlíthiúla na rialála reachtúla in Éirinn a chomhlíonadh.

Osclaíodh an Clár le haghaidh oibrithe sóisialta an 31 Bealtaine 2011. Tar éis gur osclaíodh an Clár, cuireadh tús le tréimhse aistrithe dhá bhliain le haghaidh oibrithe sóisialta a bhí i mbun cleachtaidh cheana féin chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Theastaigh an tréimhse seo chun an deis a thabhairt do dhaoine aonair iarratas a dhéanamh ar chlárúchán agus chun an Bord a shásamh gur chomhlíon siad na riachtanais. Anuas air sin, thug sé deis aonuaire do chleachtóirí nach bhfuil cáilíochtaí reatha faofa acu, iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Cuireadh deireadh leis an idirthréimhse seo an 31 Bealtaine 2013.

Tugadh faoi chlár suntasach páirtithe leasmhara sna míonna a fhad leis an spriocdháta seo. D'eisigh an Cláraitheoir Ginny Hanrahan litir mhíosúil d'fhostóirí oibrithe sóisialta lena mholadh dóibh maidir le riachtanais an chlárúcháin reachtúil.

Tugadh faoi chruinnithe duine ar dhuine le hoibrithe sóisialta, nuachtlitreacha, póstaeir, fógraíocht agus faisnéis thráthúil ar an láithreán gréasáin d'fhonn feasacht a ardú ar thábhacht spriocdháta an 31 Bealtaine 2013.

I Márta, cuireadh feabhas ar chóras clárúcháin ar líne. Bhí iarratasóirí ar chlárúchán in ann iarratas a dhéanamh agus a dtáille chlárúcháin a íoc ar líne a chinntigh go raibh bealach éasca le húsáid acu chun a gclárúchán a bhainistiú le CORU.

Ar an iomlán, fuair Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta 3,644 iarratas ar chlárúchán faoi dháta deiridh an 31 Bealtaine, líon ní ba mhó ná mar a raibh súil ag an mBord.

Rinne 1,551 díobh seo iarratas agus leas á bhaint as an gcóras clárúcháin ar líne.

Thug na líonta a thug freagairt ar an spriocdháta leibhéil shuntasacha feasachta le fios i measc na gairme mar aon le tuiscint thréan ar thábhacht an chlárúcháin reachtúil maidir leis an bpobal a chosaint.

Faoin 31 Nollaig 2013, rinneadh clárúchán a dheonú do 1,434 oibrí sóisialta.

Leanann obair ar siúl chun na hiarratais atá fanta a phróiseáil agus chun idirchaidreamh a dhéanamh le hoibrithe sóisialta a bhfuil orthu cáipéisíocht bhreise a sheoladh ar aghaidh. Ní mór don Bhord a bheith sásta go gcomhlíonann iarratais ar chlárúcháin na riachtanais le haghaidh clárúcháin –

- Bheith oiriúnach agus cuí chun tabhairt faoi chleachtas na gairme

I gcás iad siúd a bhfuil na socruithe idirthréimhseacha á bhfáil acu –

- Cáilíocht a bheith acu a liostaítear san Acht nó gur éirigh leo measúnú ar inniúlacht ghairmiúil a chríochnú
- Bheith ag cleachtadh sa Stát sna cúig bliana sular osclaíodh an Clár

I gcás iontrálaithe nua –

- Cáilíocht fhaofa a bheith acu a chomhlíonann caighdeáin na hinniúlachta a leagann CORU amach
- Dóthain eolais a bheith acu ar an teanga a theastaíonn chun cleachtadh sa Stát.

Bhí ar gach iarratasóir ar chlárúchán tabhairt faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin.

Faoi Nollaig 2013:

- d’fhág naonúr cláraithe oibrí shóisialta an Clár ar bhonn deonach
- baineadh ochtar cláraithe oibrí shóisialta ón gClár mar gheall ar neamhíocaíocht táillí
- rinneadh seisear oibrithe sóisialta a athchur ar an gClár

Is féidir féachaint ar an gClár ar líne ag www.coru.ie.

**Cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát/Údarás Inniúil**

Sula ndéantar iarratas ar chlárúchán, ní mór do shealbhóirí cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát iarratas a dhéanamh ar an mBord go n-aithneofaí a gcáilíochtaí. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí seo i leith na gcaighdeán inniúlachta a theastaíonn ó chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

Más ann do dhifríochtaí suntasacha (easnaimh) idir cáilíocht ghairmiúil, aon oideachas agus oiliúint bhreise agus/nó taithí bhreise ábhartha oibre i leith na gcaighdeán inniúlachta, féadfaidh beart cúitimh a thabhairt d’iarratasóir. Rogha oiriúnaithe a bheidh i gceist leis seo (tréimhse chleachtais faoi mhaoirsiú) chun dul i ngleic le haon easnaimh a sainaithníodh nó chun tástáil chumais a dhéanamh.

Faoin 31 Nollaig 2013, rinneadh 37 iarratas ar aitheantas cáilíochtaí idirnáisiúnta leis an mBord.

| Saghsanna na gcinntí/ Tíortha | Iomláin | An RA | SAM | An Astráil | An India | An Afraic Theas | Oileán na Tríonóide agus Tobága | An Rómáin | An Pholainn | An Ungáir | An Laitvia | An Spáinn | An Ghearmáin |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na n-iarratas a fuarthas | 37 | 19 | 1 | 1 | 5 | 1 | 1 | 3 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Líon na gcinntí dearfacha | 23 | 15 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | | 1 | | 1 | 1 | |
| Líon na gcinntí diúltacha | 0 | | | | | | | | | | | | |
| Iarratais atá á scrúdú faoi láthair | 10 | 4 | | | 4 | | | 1 | | 1 | | | |
| Iarratais atá ag tabhairt faoi thréimhse oiriúnaithe | 4 | | | | | | | 2 | 1 | | | | 1 |

**Comhairliúchán Poiblí – Filleadh ar an gCleachtas**

In Aibreán 2013, d'fhaomh an Bord Treoirlínte na Comhairle ar fhodhlí um Fhilleadh ar an gCleachtas.

Leagann an fodhlí seo na riachtanais amach a bheidh i gceist le duine atá ag lorg bheith san áireamh ar an gClár nó go gcuirfear ar an gClár arís iad tar éis sosa dhá bhliain nó níos faide. Sonraíonn Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta na híosriachtanais chun eolas agus scileanna a nuashonrú le haghaidh duine chun bheith san áireamh ar Chlár nó go gcuirfear ar an gClár arís iad.

D'fhonn trédhearcacht agus idirchaidreamh a chinntiú, bhí comhairliúchán poiblí ar bun agus cuireadh fógra i nuachtán náisiúnta agus cuireadh fógra eile in airde ar www.coru.ie idir Aibreán agus Bealtaine 2013. Rinne an Bord breithniú cúramach ar gach freagairt a fuarthas, foilsíodh tuarascáil ar an bpróiseas comhairliúcháin agus rinneadh Fodhlí um Fhilleadh ar an gCleachtas de chuid Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta.

## Oideachas

Is é ceann d'fheidhmeanna Bord Clárúcháin a shásamh dóibh féin go gcomhlíonann cláir oideachais agus oiliúna a sholáthraíonn institiúidí sa Stát na critéir agus na caighdeáin a theastaíonn le haghaidh clárúchán reachtúil.

Déanann an Bord Clárúcháin seo trína chinntiú go soláthraíonn na comhlachtaí ábhartha oideachais cáilíochtaí a ullmhaíonn gairmithe lena n-iontráil chun an ghairm a chleachtadh.

Déanann an Bord athbhreithniú iomlán ar gach clár oideachais ar a laghad uair amháin gach cúig bliana.

I rith 2013, d'iarr Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta ar an aonad oideachais laistigh de CORU chun tabhairt faoi athbhreithnithe iomlána ar na cláir a leanas:

- Máistreacht in Obair Shóisialta/Dioplóma Iarchéime in Obair Shóisialta (lánaimseartha agus páirtaimseartha), Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
- Máistreacht in Obair Shóisialta/Dioplóma Iarchéime i Staidéir ar Obair Shóisialta, Coláiste Ollscoile, Corcaigh.

Anuas air sin, rinne an Bord athbhreithniú ar fhógra athraithe le haghaidh:

- Máistreacht in Obair Shóisialta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha, bhí an Bord sásta maidir le hoiriúnacht leanúnach an oideachais, na hoiliúna, an mheasúnaithe, an scrúdaithe agus na hoiliúna cliniciúla agus na taithí a sholáthair na trí chlár seo.

### Ballraíocht an Bhoird

| **Val O'Kelly** |
| --- |
| Cathaoirleach |
| *Ionadaí Bainistíochta Príobháidí Sláinte/ Cúraim Shóisialta* |
| Arna fhreastal ar 13 as 13 chruinniú an Bhoird |



| **Anthony McCashin** |
| --- |
| *Ionadaí Tríú Leibhéal* |
| Arna fhreastal ar 4 as 6 chruinniú an Bhoird*<br>* ceaptha leis an mBord i Lúnasa |



**Declan Carey**

*Ionadaí Cleachtach Gairmiúil*

Arna fhreastal ar 13 as 13 chruinniú an Bhoird



**Carol Moore**

*Ionadaí Oideachais agus Oiliúna*

Arna freastal ar 4 as 6 chruinniú an Bhoird*
* ceaptha leis an mBord i Lúnasa



**Val Collier**

*Ionadaí Leasa Phoiblí*

Arna fhreastal ar 6 as 7 chruinniú an Bhoird



**Suzanne Quin**

*Ionadaí Oideachais agus Oiliúna*

Arna freastal ar 10 as 13 chruinniú an Bhoird



**Ursula Fernée**

*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

Arna freastal ar 9 as 13 chruinniú an Bhoird



**Cormac Quinlan**

Ionadaí Cleachtach Gairmiúil

Arna fhreastal ar 8 as 13 chruinniú an Bhoird



**Ned Kelly**

*Ionadaí Bainistíochta Poiblí Sláinte/Cúraim Shóisialta*

Arna fhreastal ar 12 as 13 chruinniú an Bhoird



**Mairead Harrington**

*Arna freastal ar 4 as 6 chruinniú an Bhoird**
* ceaptha leis an mBord i Lúnasa



Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

RPC005114_GA_WB_I_1

## Bord Clárúcháin na Radagrafaithe

# Tuarascáil Bhliantúil

## 7.2 Tuarascáil Bhliantúil 2013 - Bord Clárúcháin na Radagrafaithe

**Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord na Radagrafaithe le linn 2013, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2013 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).**

RPC005114_GA_WB_I_1

# Brollach

In 2013, cuireadh tús le clárúchán reachtúil le haghaidh radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta, agus ba ré nua seo i rialáil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta i bPoblacht na hÉireann.

Ní bheidh ach na cleachtóirí siúd a chomhlíonann na caighdeáin a leagann Bord Clárúcháin na Radagrafaithe i dteideal cleachtadh. Treiseoidh agus feabhsóidh seo muinín an phobail as an ngairm.

Anuas air sin, agus sinn mar an Údarás Inniúil don ghairm, ní mór d'aon duine aonair atá ag lorg chun oibriú in Éirinn mar Radagrafaí nó Teiripeoir Radaíochta, a bhain a gcáilíochtaí lasmuigh den Stát, iarratas a dhéanamh anois ar an mBord go n-aithneofar a gcáilíocht sular féidir leo clárú. Soláthróidh seo dearbhú níos mó don phobal nuair a idirghníomhaíonn siad le comhalta cláraithe na gairme a d'fhéadfadh cáilíocht a bhaint amach thar lear.

Tuigimid gur lorg go leor radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta bunú Cláir go gníomhach, agus an iomaí sochar a chruthaíonn seo dóibh a aithint mar chleachtóirí aonair maidir le bheith mar chuid de ghairm chláraithe. Gabhaimid buíochas leis na gairmithe siúd, a bhfostóirí agus an iomaí duine eile a ghlac páirt san aistear a fhad le clárúchán reachtúil. Rinne siad idirchaidreamh gníomhach le hobair an Bhoird trí chomhairliúcháin phoiblí agus pháirtithe leasmhara agus chabhraigh siad le córas clárúcháin reachtúil a thógáil atá i bhfeidhm anois. Dea-shampla den chur chuige comhairliúcháin agus comhoibritheach seo is ea an Cód nua Iompair agus Eitice Gairmiúla atá mar bhonn agus taca leis an ngairm.

Ba bhliain dhúshlánach ach bhisiúil 2013 don Bhord. Léirigh an plé cúramach a d'aithin riachtanais uathúla na gairme as ar eascair roinnt an Chláir gur féidir bacainní a láimhseáil agus gur féidir réitigh a fháil ar bhealach íogair agus praiticiúil. Ba dheas linn buíochas a chur in iúl do gach comhalta an Bhoird as ucht a gcomhiarrachtaí agus a rannpháirtíochta i ndéanamh beartas agus cinntí. Anuas air sin, ba mhian liom rannpháirtíocht na bhfostóirí a aithint a lean ar aghaidh ag tacú le comhaltaí an Bhoird ina ról le CORU, agus an tiomantas riachtanach ama, go háirithe, a theastaíonn chun an ról seo a chomhlíonadh go héifeachtach.

Tá níos mó oibre le déanamh. In 2014, go háirithe, leagfaidh an Bord riachtanais na ngairmithe amach atá ag lorg chun filleadh ar an ngairm tar éis sos dhá bhliain nó níos faide.

Thar ceann an Bhoird, táimid ag tnúth le rialáil na gairme a chur chun cinn in 2014.



**Jason Last**
**Cathaoirleach**
**Bord Clárúcháin na Radagrafaithe**



**Ginny Hanrahan**
**Cláraitheoir**
**Bord Clárúcháin na Radagrafaithe**

# Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2013

**Cúlra**

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na Radagrafaithe in Eanáir 2012.

Forálann an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) do 13 chomhalta dheonacha a cheapadh leis an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí a sheirbheálann ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha Taistil agus Cothabhála na Státseirbhíse.

Comhaltaí tuata iad seachtar díobh, agus is ainmnithe gairmiúla iad an seisear atá fanta, a dhéanann ionadaíocht don mhéid a leanas:

- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Bainistíocht seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Cleachtadh na gairme

Is é an tUasal Jason Last atá mar Chathaoirleach Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe faoi láthair.

In 2013, chas Bord Clárúcháin na Radagrafaithe ar a chéile seacht n-uaire.

Ag deireadh 2013, bhí folúntas amháin ann ar Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe.

**Ról**

Faoin Acht, is é ról na mBord Clárúcháin ag CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d’iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chur chun cinn trí chlárúchán reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Dá réir sin, tá na feidhmeanna a leanas ag Bord Clárúcháin na Radagrafaithe.

- Clár chomhaltaí na gairme a bhunú agus a choimeád
- Na cáilíochtaí a mheasúnú agus a aithint a baineadh amach lasmuigh den Stát
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An cód iompair agus eitice gairmiúla a chur le chéile
- Na riachtanais a leagan amach le haghaidh forbairt leanúnach ghairmiúil.

## Clárúchán

An 31 Deireadh 2013, cuireadh tús le clárúchán reachtúil radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta. Léirigh an gharsprioc toradh go leor míonna a chaitheamh i mbun comhairliúcháin agus beartais a fhorbairt ag Bord Clárúcháin na Radagrafaithe.

Sular osclaíodh an Clár, chomhaontaigh an Bord chun an Clár a oscailt le dhá rannóg

(radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta). Theastaigh dhá rannóg chun na difríochtaí idir cáilíochtaí agus seirbhísí a sholáthair radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta a aithint. Ba ghá don Bhord iarracht shuntasach agus plé cúramach a dhéanamh sa chéad ráithe in 2013 d'fhonn an cinneadh seo a bhaint amach.

Nuair a dhéanann duine iarratas ar chlárúchán, beidh ar dhuine áirithe rannóg an Chláir a shonrú ar mian leo clárú leis. Má tá duine aonair i dteideal cleachtadh mar radagrafaí agus mar theiripeoir radaíochta araon, ní mór dóibh iarratas ar leith a dhéanamh chun clárú i ngach rannóg. Féadfaidh iarratasóirí iarratas a dhéanamh trí chóras ar líne a úsáid agus a luaithe a chláraítear iad, féadfaidh siad a sonraí a choimeád agus a nuashonrú ar an gClár.

Tar éis comhairliúchán poiblí i Márta, d'fhaomh Bord Clárúcháin na Radagrafaithe Fodhlí um Iarratas ar Chlárúchán 2013 ina leagtar amach an méid a theastaíonn ó iarratasóir chun clárú a dhéanamh.

In 2013, bhunaigh an Bord na critéir a bhainfeadh leis an "idirthréimhse" don ghairm. Tugann an idirthréimhse dhá bhliain seo, tar éis go n-osclaítear an Clár, an deis do chleachtóirí reatha iarratas a dhéanamh ar chlárúchán agus lena shásamh don Bhord Clárúchán go gcomhlíonann siad na riachtanais. I measc na socruithe idirthréimhseacha lenar comhaontaíodh tá soláthar a dhéanamh do Mheasúnú a dhéanamh ar Inniúlacht Ghairmiúil. Mura bhfuil cáilíocht fhaofa nó atá sách ábhartha ag an iarratasóir, ní mór dóibh tabhairt faoi mheasúnú ar inniúlacht ghairmiúil chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Bunaítear an measúnú ar inniúlacht ghairmiúil ar na caighdeáin inniúlachta don ghairm.

Glacadh le Cód nua Iompair agus Eitice Gairmiúla le haghaidh radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta in 2013 chun bheith mar bhonn agus taca i rialáil na gairme. Ullmhaíodh seo tar éis dul i gcomhairliúchán leis an bpobal ginearálta, le radagrafaithe agus le teiripeoirí radaíochta agus leis na comhlachtaí ionadaíocha agus le fostóirí. Sonraítear sa Chód na caighdeáin eitice, feidhmíochta agus iompair a theastaíonn ó radagrafaithe cláraithe agus teiripeoirí radaíochta a thaispeáint ar bhealach soiléir agus inrochtana. Tá an cód leagtha amach in ionstraim reachtúil – Fodhlí um Chód Iompair agus Eitice Gairmiúla 2013.

Sular osclaíodh an Clár, chuir fógraí náisiúnta agus fógraí ar an láithreán gréasáin muintir an phobail agus comhaltaí na gairme ar an eolas maidir le tosú feidhme an chlárúcháin reachtúil.

Amhail ó Nollaig 2013, chríochnaigh 50 duine an fhoirm iarratais ar líne agus bhí cáipéisíocht tacaíochta curtha ar aghaidh ag 18 nduine díobh seo.

Cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát/Údarás Inniúil

Sula ndéantar iarratas ar chlárúchán, ní mór do shealbhóirí cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát iarratas a dhéanamh ar an mBord go n-aithneofaí a gcáilíochtaí. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí seo i leith na gcaighdeán inniúlachta a theastaíonn ó chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

Ón 31 Deireadh Fómhair 2013, ainmníodh Bord Clárúcháin na Radagrafaithe mar an údarás inniúil don ghairm faoi Threoir 2005/36/CE. Déanfaidh an Bord measúnú anois ar gach iarratas nua maidir le cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. Roimh an dáta seo, thug an Roinn Sláinte, i gcomhar le hOifig Bhailíochtaithe Náisiúnta FSS faoin ról seo.

Idir an 31 Deireadh Fómhair agus an 31 Nollaig 2013, rinneadh dhá iarratas ar aitheantas cáilíochtaí idirnáisiúnta leis an mBord.

**Painéal Measúnóirí**

In 2013, lorg an Bord léiriú spéise trí www.coru.ie d'fhonn Painéal Measúnóirí a cheapadh. Ní mór go mbeidh na measúnóirí mar bhall de ghairm ag a bhfuil cúlra acadúil/oideachais nó cliniciúil i radagrafaíocht nó i dteiripe radaíochta agus ní mór go mbeidh taithí ghairmiúil cúig bliana acu ar a laghad.

Cuirfidh an Painéal seo comhairle ar an mBord i roinnt limistéar, lena n-áirítear:

- Iarratais a rinneadh faoi na socruithe idirthréimhseacha
- Aithint Cáilíochtaí Idirnáisiúnta, lena n-áirítear tástálacha cumais agus measúnuithe ar inniúlacht ghairmiúil
- Tuarascálacha críochnaithe um Thréimhse Oiriúnaithe

Rinneadh na chéad choinní i Nollaig 2013 ag an gComhairle ar iarraidh an Bhoird agus cuirfear níos mó leo in 2014

## Oideachas

**Caighdeáin Inniúlachta**

Is é ceann d'fheidhmeanna an Bhoird chun na Caighdeáin Inniúlachta don ghairm a leagan amach. Is iad na Caighdeáin Inniúlachta na caighdeáin tairsí a theastaíonn le haghaidh cleachtadh sábháilte agus cuí na gairme. Is iad siúd eolas, scileanna, inniúlachtaí agus saintréithe gairmiúla na gairme. Céim thábhachtach chun cinn is ea na Caighdeáin Inniúlachta a leagan amach chun rialáil reachtúil a bhunú don ghairm.

Ghlac Bord Clárúcháin na Radagrafaithe leis na Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta le haghaidh oideachais agus oiliúna do Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta in 2013. Ghlac an Bord leo tar éis comhairliúchán agus ceardlann le páirtithe leasmhara. I measc na rannpháirtithe sa cheardlann chomhairliúcháin bhí ionadaithe de ghairm na radagrafaithe, gairm na dteiripeoirí radaíochta, comhlachtaí ionadaíocha, fostóirí, mic léinn, agus ionadaithe rialaithe cáilíochta agus leasa pobail.

Chabhraigh comhaltaí an ghrúpa stiúrtha oideachais, a bunaíodh ó bhallraíocht BCR in 2012, le hullmhú agus éascú na ceardlainne comhairliúcháin. Anuas air sin, chas siad líon uaireanta chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na ceardlainne comhairliúcháin. Rinne siad a dtuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an BCR. Is iad na Caighdeáin Inniúlachta na caighdeáin a theastaíonn ó gach iontrálaí ar an gclár.

**Ballraíocht an Ghrúpa Stiúrtha Oideachais** Louise Rainford, Catherine McKenna, Suzanne Dennan agus Olwyn Ryan

**Faomhadh agus Monatóireacht a dhéanamh ar Chláir Oideachais**

Is é ceann d'fheidhmeanna Bord Clárúcháin a shásamh dóibh féin go gcomhlíonann cláir oideachais agus oiliúna a sholáthraíonn institiúidí sa Stát na critéir agus na caighdeáin a theastaíonn le haghaidh cleachtaidh.

Tar éis comhairliúchán poiblí i Márta, d'fhaomh Bord Clárúcháin na Radagrafaithe Fodhlí um Cháilíochtaí Faofa agus Rannóga an Chláir 2013 ina leagtar amach na cáilíochtaí a chomhlíonann Caighdeáin Inniúlachta an Bhoird ar mhaithe le clárúchán.

Céim thábhachtach is ea seo maidir lena chinntiú nach gcuireann ach na gairmithe siúd a bhfuil cáilíochtaí acu a chomhlíonann na caighdeáin a leagann an Bord amach, cóireáil ar mhuintir an phobail.

Leagadh cáilíochtaí a faomhadh lena n-iontráil ar an gClár go foirmiúil amach in 2013 trí I.R. 390/2013 tar éis próiseas measúnaithe agus measúnachta ar a ndearna an Bord maoirsiú.

Is iad seo a leanas na cáilíochtaí faofa le haghaidh gach gairme:

Radagrafaithe:

**Baitsiléir Eolaíochta (Honóracha) (Radagrafaíocht) ó Ollscoil na hÉireann**

Teiripeoirí Radaíochta:

**Baitsiléir Eolaíochta i dTeiripe Radaíochta [B.Sc [Ther.Rad.]] ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath**

**Comhairliúcháin Phoiblí**

Faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú), tá ar an mBord fodhlíthe a dhéanamh. Leagann na fodhlíthe seo an bonn faoinar forbraíodh an chreatlach le haghaidh rialáil radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta.

D'fhonn trédhearcacht agus idirchaidreamh a chinntiú lenár bpáirtithe leasmhara nuair a bhíonn na fodhlíthe seo á bhforbairt, in 2013, reáchtáil Bord Clárúcháin na Radagrafaithe ceithre chomhairliúchán phoiblí ar an méid a leanas –

- Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla
- Iarratas ar Chlárúchán
- Cáilíochtaí agus Rannóga Faofa an Chláir
- Toghadh do Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe

Rinne an Bord athbhreithniú ar gach aighneacht, agus d'fhoilsigh siad tuarascálacha comhairliúcháin ar www.coru.ie agus rinneadh fodhlíthe.

**Fodhlíthe**

Rinne an Bord na fodhlíthe a leanas, tar éis faomhadh a fháil ón gComhairle, agus cuireadh iad faoi bhráid an Aire Sláinte lena gcur faoi bhráid Thithe an Oireachtais i nDeireadh Fómhair.

- Fodhlí um Iarratas ar Chlárúchán 2013
- Fodhlí um Chód Iompair agus Eitice Gairmiúla 2013
- Fodhlí um Cháilíochtaí agus Rannóga Faofa an Chláir 2013

Déanfar an fodhlí um thoghadh do Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe in 2014.

## Ballraíocht an Bhoird

**Jason Last**

Cathaoirleach

*Ionadaí Tríú Leibhéal*

Arna fhreastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Michele Monahan**

*Ionadaí Cleachtach Gairmiúil*

Arna freastal ar 7 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Mary Pat Corridan**

*Ionadaí Cleachtach Gairmiúil*

Arna freastal ar 7 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Mary O'Connor**

*Ionadaí Leasa Phoiblí*

Arna freastal ar 2 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Bill Maher**

Ionadaí Bainistíochta Poiblí Sláinte/Cúraim Shóisialta

*Arna fhreastal ar 2 as 7 gcruinniú an Bhoird*



**Olwyn Ryan**

*Ionadaí Bainistíochta Príobháidí Sláinte/ Cúraim Shóisialta*

Arna freastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Caitriona McGrath**

*Ionadaí Cleachtach Gairmiúil*

Arna freastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Tom Ryan**

*Ionadaí Leasa Phoiblí*

Arna fhreastal ar 3 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Catherine McKenna**

*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

Arna freastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Dympna Watson**

*Ionadaí Leasa Phoiblí*

Arna freastal ar 4 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Suzanne Dennan**

*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

Arna freastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird




**Louise Rainford**

Ionadaí Oideachais agus Oiliúna

Arna freastal ar 5 as 7 gcruinniú an Bhoird



Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

RPC005114_GA_WB_L_1

# Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach

# Tuarascáil Bhliantúil

## 7.3 Tuarascáil Bhliantúil - Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach

**Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach le linn 2013, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2013 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).**

RPC005114_GA_WB_L_1

# Brollach

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach i bhFeabhra 2013.

Bhí rialáil á lorg ag an ngairm le blianta fada agus cuireadh fáilte fhairsing roimh bhunú an Bhoird agus caitheadh leis mar fhorbairt an-dearfach do chleachtóirí agus don phobal araon.

Mar gheall ar chlárúchán reachtúil, cosnófar an teideal 'diaitéiteach' go dleathach, agus cinnteofar don phobal níos mó gur shásaigh duine aonair an Bord gur éirigh leo gach caighdeán riachtanach a chomhlíonadh chun tabhairt faoina róil go héifeachtach, agus tacófar le cleachtóirí ina gcuid oibre trí chód iompair agus eitice gairmiúla. Áireofar leis an gCód an gá le forbairt leanúnach ghairmiúil, a chur ar chumas diaitéiteach a chinntiú go bhfuil a n-eolas agus a scileanna cothrom le dáta agus go mbaineann siad lena gcleachtas.

Ón gcéad chruinniú a bhí acu, chuir an Bord Clárúcháin obair chun cinn i líon limistéir thábhachtacha, agus cruthaíonn gach ceann díobh an bhunchloch do rialáil na gairme. In 2014, leanfar leis an obair seo de réir mar a dhruideann oscailt an Chláir linn níos déanaí sa bhliain.

Cruthóidh comhairliúcháin phoiblí ar chroíghnéithe an chórais nua rialála cuid thábhachtach dár ngníomhaíocht in 2014 agus spreagaimid gach gairmí, fostóir agus duine den phobal idirchaidreamh a dhéanamh leis an mBord. Beidh ról tábhachtach ag bhur gcuid tuairimí chun córas clárúcháin reachtúil a fhorbairt.

Ba mhian linn buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as ucht a dtiomantais agus a ndírithe i mbliana agus táimid ag dréim le hoibriú leo arís an bhliain seo chugainn. Cinntíonn an meascán d'ionadaithe tuata agus gairmiúla atá ag oibriú le chéile ar an mBord Clárúcháin go bhfuil córas cothrom, cóir agus freagrúil rialála á fhorbairt againn.



**Elizabeth Barnes**
**Cathaoirleach**
**Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach**



**Ginny Hanrahan**
**Cláraitheoir**
**Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach**

# Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2013

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach i bhFeabhra 2013 tar éis gur eisíodh fógra um cheapachán poiblí.

Forálann an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) do 13 chomhalta dheonacha a cheapadh leis an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí a sheirbheálann ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha Taistil agus Cothabhála na Státseirbhíse.

Comhaltaí tuata iad seachtar díobh, agus is ainmnithe gairmiúla iad an seisear atá fanta, a dhéanann ionadaíocht don mhéid a leanas:

- Bainistíocht seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme

Ag chéad chruinniú an Bhoird i Márta 2013, rinneadh seisear comhaltaí a chur ar crannchur, i gcomhréir leis an nós imeachta lenar comhaontaíodh chun téarma dhá bhliain a sheirbheáil. Déanfaidh na comhaltaí eile téarma ceithre bliana a sheirbheáil.

Toghadh Elizabeth Barnes mar Chathaoirleach an Bhoird agus seirbheálfaidh sí ar feadh téarma dhá bhliain mar Chathaoirleach. Seirbheálfaidh sí ar an mBord ar feadh ceithre bliana.

Ag deireadh 2013, bhí folúntas amháin ann ar Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe a bhí ar feitheamh cheapadh an Aire.

## Ról

Faoin Acht, is é ról na mBord Clárúcháin ag CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d’iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chothú trí chlárú reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta.

Tá Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach ag CORU freagrach as an méid a leanas:

- Clár chomhaltaí na gairme a bhunú agus a choimeád
- Na cáilíochtaí a mheasúnú agus a aithint a baineadh amach lasmuigh den Stát
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An cód iompair agus eitice gairmiúla a chur le chéile
- Na riachtanais a leagan amach le haghaidh forbairt leanúnach ghairmiúil.

I Márta 2013, thug an Bord faoi oiliúint ionduchtúcháin, a sholáthair an Fheidhmeannacht, chun an t-aistriú chuig a ról nua a éascú mar chomhaltaí Boird. Áiríodh leis an oiliúint seo seisiúin ar rialachas corparáideach agus eitic in oifig phoiblí, mar aon le tuiscint níos fearr a sholáthar ar ról CORU agus a gcroífheidhm chun an pobal a chosaint.

## Oideachas

### Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta

Ar cheann d'fheidhmeanna Bord Clárúcháin is ea Caighdeáin Inniúlachta na gairme a leagan amach. Is iad na Caighdeáin Inniúlachta na caighdeáin tairsí a theastaíonn maidir le cleachtadh sábháilte agus oiriúnach na gairme. Is iad siúd eolas, scileanna, inniúlachtaí agus saintréithe gairmiúla na gairme. Céim thábhachtach i rialáil reachtúil na gairme a bhunú is ea na Caighdeáin Inniúlachta a leagan amach.

Ar iarraidh an Bhoird, cheap an Chomhairle ag CORU beirt chomhairleoirí oideachais, Helena McNulty agus Mary Ward, Ollscoil Uladh chun tacú le hobair um fhorbairt caighdeán an Bhoird.

Faoi dheireadh 2013, bhí dréacht-Chritéir agus dréacht-Chaighdeán Inniúlachta réitithe ag an mBord le haghaidh oideachais agus oiliúna. Nuair a chríochnófar iad, leagfaidh na Critéir agus na Caighdeáin Inniúlachta an bonn faoi réimse gníomhaíochtaí, lena n-áirítear faomhadh cáilíochtaí agus clár a theastaíonn le haghaidh clárúcháin leis an ngairm seo agus measúnú a dhéanamh ar inniúlacht ghairmiúil.

Rachaidh na dréacht-Chritéir agus na dréacht-Chaighdeáin Inniúlachta le haghaidh cláir Oideachais agus Oiliúna Diaitéiteach amach le haghaidh comhairliúchán poiblí in 2014, déanfaidh an Bord breithniú, ansin, ar thorthaí an chomhairliúcháin agus déanfaidh siad comhaontú ar na Critéir agus Caighdeáin deiridh le haghaidh cláir Oideachais agus Oiliúna Diaitéiteach, mar aon le glacadh leo.

### Cáilíochtaí faofa le haghaidh clárúcháin

D'fhonn an Clár a oscailt, tá ar an mBord na cáilíochtaí a fhaomhadh a theastaíonn le haghaidh clárúcháin.

In 2013, thosaigh Bord na nDiaitéiteach leis an bpróiseas seo agus rachaidh Fodhlí um "Cháilíocht Fhaofa" amach le haghaidh comhairliúchán poiblí, ina leagfar amach an cháilíocht le haghaidh clárúcháin go luath in 2014.

## Clárúchán

I Meitheamh 2013, d'fhaomh Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach sonraí na gcláraithe a choimeádfar ar an gClár. Áirítear leo ainm gairmiúil a úsáid, áit phríomha chleachtais a úsáid, fógraí faoi oiriúnacht chun cleachtadh agus uimhreacha uathúla clárúcháin. Anuas air sin, d'fhaomh an Bord an Teastas Clárúcháin.

Ghlac an Bord le treoirlínte na Comhairle maidir leis an idirthréimhse. Tar éis go n-osclaítear Clár, teastaíonn idirthréimhse dhá bhliain chun an deis a thabhairt do dhiaitéitigh atá i mbun cleachtadh cheana féin iarratas a dhéanamh ar chlárúchán agus lena shásamh don Bhord Clárúcháin go gcomhlíontar na riachtanais.

I ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse tar éis go n-osclaítear an Clár, ní bheidh ach diaitéitigh chláraithe i dteideal an teideal gairmiúil a úsáid. I gcásanna ina mbaintear úsáid choiteann as breis agus teideal amháin laistigh de ghairm ainmnithe agus sa chás go n-eascraíonn úsáid a bhaint as ceann de na teidil ghairmiúla seo, as na cáilíochtaí céanna gairmiúla, is gá do Bhord Clárúcháin machnamh a dhéanamh ar conas is fearr an pobal a chosaint. In 2013, rinne Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach cinneadh gan an teideal "Saineolaí Cothúcháin Chliniciúil" a úsáid ach chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go gcosnófaí an teideal "Diaitéiteach" amach anseo.

Tá ar an mBord measúnú ar inniúlacht ghairmiúil a dheimhniú. Baineann seo le hábhar i gcás iarratasóirí nach bhfuil cáilíocht fhaofa acu ná cáilíocht atá ábhartha a dhóthain agus a bhí ag cleachtadh sa Stát ar feadh dhá bhliain as na cúig bliana sular osclaíodh an Clár. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreatlach a sholáthair an Chomhairle ag CORU, chomhaontaigh an Bord gurb éard a bheidh sa tástáil ar inniúlacht ghairmiúil le haghaidh diaitéiteach, aighneacht scríofa agus agallamh struchtúrtha a léireoidh conas a chomhlíonann siad na caighdeáin inniúlachta.

### Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla

Tá ar Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach glacadh le Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla le haghaidh cláraithe sula n-osclaítear an Clár. Leagfar amach sa chód na caighdeáin iompair, feidhmíochta agus eitice nach mór do dhiaitéitigh cloí leo ar fud chúrsa a n-oibre. Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh acu, beidh ar dhiaitéitigh dearbhú reachtúil a shíniú a luann gur léigh siad, gur thuig siad agus go gcomhaontaíonn siad chun cloí leis an gCód.

Ghlac an Chomhairle ag CORU le creatlach le haghaidh Cód coiteann Iompair agus Eitice Gairmiúla (Cód na Comhairle), lenar chomhaontaigh na 14 ghairmí tar éis dul i gcomhairliúchán.

Ní mór do Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach a chinntiú go dtéitear i ngleic le riachtanais uathúla a ngairme nuair a bhíonn a gCód Iompair agus Eitice Gairmiúla á fhorbairt acu. Ceapadh Margaret Doyle, iarchomhalta den Chomhairle, Diaitéiteach Sinsearach a chuaigh ar scor, an Rannóg Cothaitheach agus Diaitéitice ag Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, i mBealtaine 2013 mar thaighdeoir chun tacú leis an mBord chun an Cód a shaindearadh dá ngairm.

Cuirfidh an Bord a mbreithniú ar thuarascáil na dtaighdeoirí agus an chreatlach don Chód Iompair agus Eitice Gairmiúla i gcrích go luath in 2012, agus rachaidh an Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla chun comhairliúchán poiblí ina dhiaidh sin.

### Ballraíocht an Bhoird

| **Elizabeth Barnes** |
|---|
| Cathaoirleach |
| *Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse* |
| Arna fhreastal ar 6 as 6 chruinniú an Bhoird |



| **Nick Kennedy** |
|---|
| Ionadaí Tríú Leibhéal |
| Bhoird |



### Ruth Charles

*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

*Arna freastal ar 5 as 6 chruinniú an Bhoird*



### Geneveive Becker

Ionadaí Cleachtach Gairmiúil

Arna freastal ar 3 as 6 chruinniú an Bhoird




### Clare Corish

Ionadaí Oideachais agus Oiliúna

Arna freastal ar 5 as 6 chruinniú an Bhoird



### Gráinne Denning

Ionadaí Leasa Phoiblí

Arna freastal ar 5 as 6 chruinniú an Bhoird



### John Hanily

Ionadaí Leasa Phoiblí

Arna fhreastal ar 6 as 6 chruinniú an Bhoird



### Halóg Mellet

Ionadaí Cleachtach Gairmiúil

Arna freastal ar 5 as 6 chruinniú an Bhoird



### Cliodhna McDonough

Ionadaí Cleachtach Gairmiúil

Arna freastal ar 4 as 6 chruinniú an Bhoird



### Tony Morris

Ionadaí Bainistíochta Poiblí Sláinte/Cúraim Shóisialta

Arna fhreastal ar 6 as 6 chruinniú an Bhoird



### Mary Nally

Ionadaí Leasa Phoiblí

Arna freastal ar 3 as 6 chruinniú an Bhoird




### Anthony Smith

Ionadaí Leasa Phoiblí

Arna fhreastal ar 6 as 6 chruinniú an Bhoird



Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

RPC005114_GA_WB_L_1

# Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair

# Tuarascáil Bhliantúil

## 7.4 Tuarascáil Bhliantúil - Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair

**Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair le linn 2013, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2013 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).**

RPC005114_GA_WB_L_1

# Brollach

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair i bhFeabhra 2013 mar chuid den aistriú chuig clárúchán reachtúil na gairme.

Beidh Bord Clárúchán na dTeiripeoirí Saothair freagrach as Clár na dteiripeoirí saothair in Éirinn a bhunú agus a choimeád agus as cód iompair agus eitice gairmiúla a bhunú nach mór do theiripeoirí saothair cláraithe cloí leis.

Anuas air sin, déanfaidh an Bord Clárúchán measúnú, faomhadh agus monatóireacht ar chúrsaí oiliúna le haghaidh teiripeoirí saothair, mar aon le feidhmiú mar an Údarás Inniúil ainmnithe atá freagrach as cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh d'Éirinn a aithint.

Bíonn muintir an phobail muiníneach as gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta. Is éard a bhaineann le rialáil ná feabhas a chur ar mhuinín an phobail as gairm na teiripe saothair trí chaighdeáin a leagan amach in oideachas, oiliúint, inniúlacht ghairmiúil agus iompar agus eitic.

Ar deireadh, ní bheidh ach na daoine aonair atá cláraithe in ann an teideal "teiripeoir saothair" a úsáid, a chinntíonn an pobal agus a atreisíonn cáil ghairmiúil na gcleachtóirí cláraithe.

Ba mhian linn buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as ucht a n-iarrachtaí i mbliana agus lena bhfostóirí as ucht a dtacaíochta leanúnaí. Leanfaidh obair ar aghaidh in 2014 le réiteach a dhéanamh d'oscailt an Chláir agus táimid ag tnúth le dul i dteagmháil le comhaltaí na gairme, fostóir agus leis an bpobal de réir mar a fhorbraímid córas rialála atá daingean agus trédhearcach agus a cosnaíonn an pobal.



**Clodagh Nolan**
**Cathaoirleach**
**Bord Clárúcháin na**
**dTeiripeoirí Saothair**



**Ginny Hanrahan**
**Cláraitheoir**
**Bord Clárúcháin na**
**dTeiripeoirí Saothair**

# Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2013

### Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair i bhFeabhra 2013 tar éis gur eisíodh fógra um cheapachán poiblí.

Forálann an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) do 13 chomhalta dheonacha a cheapadh leis an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí a sheirbheálann ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha Taistil agus Cothabhála na Státseirbhíse.

Comhaltaí tuata iad seachtar ceapaithe, agus is ainmnithe gairmiúla iad an seisear atá fanta, a dhéanann ionadaíocht don mhéid a leanas:

- Bainistíocht seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- • Cleachtadh na gairme

Ag cruinniú an Bhoird i Márta 2013, rinneadh seisear comhaltaí a chur ar crannchur, i gcomhréir leis an nós imeachta lenar comhaontaíodh chun téarma dhá bhliain a sheirbheáil. Déanfaidh na comhaltaí eile téarma ceithre bliana a sheirbheáil.

Toghadh Clodagh Nolan mar Chathaoirleach an Bhoird agus seirbheálfaidh sí ar feadh téarma dhá bhliain mar Chathaoirleach. Seirbheálfaidh sí ar an mBord ar feadh ceithre bliana.

### Ról

Faoin Acht, is é ról na mBord Clárúcháin ag CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d’iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chothú trí chlárú reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta.

Tá Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair ag CORU freagrach as an méid a leanas:

- Clár chomhaltaí na gairme a bhunú agus a choimeád
- Na cáilíochtaí a mheasúnú agus a aithint a baineadh amach lasmuigh den Stát
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An cód iompair agus eitice gairmiúla a chur le chéile
- Na riachtanais a leagan amach le haghaidh forbairt leanúnach ghairmiúil.

I Márta 2013, thug an Bord faoi oiliúint ionduchtúcháin, a sholáthair an Fheidhmeannacht ag CORU, chun an t-aistriú chuig a ról nua a éascú mar chomhaltaí Boird. Áiríodh leis an oiliúint seo seisiúin ar rialachas corparáideach agus eitic in oifig phoiblí, mar aon le tuiscint níos fearr a sholáthar ar ról CORU agus a gcroífheidhm chun an pobal a chosaint.

## Oideachas

### Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta

Ar cheann d'fheidhmeanna Bord Clárúcháin is ea Caighdeáin Inniúlachta na gairme a leagan amach. Is iad na Caighdeáin Inniúlachta na caighdeáin tairsí a theastaíonn maidir le cleachtadh sábháilte agus oiriúnach na gairme. Is iad siúd eolas, scileanna, inniúlachtaí agus saintréithe gairmiúla na gairme. Céim thábhachtach i rialáil reachtúil na gairme a bhunú is ea na Caighdeáin Inniúlachta a leagan amach.

Ar iarraidh an Bhoird, i mBealtaine 2013, cheap an Chomhairle ag CORU an tOllamh Gill Chard chun tacú le hobair um fhorbairt caighdeán an Bhoird.

Faoi Nollaig 2013, bhí dréacht-Chritéir agus dréacht-Chaighdeán Inniúlachta réitithe ag an mBord le haghaidh oideachais agus oiliúna. Cruthaíodh foghrúpa den Bhord (Clodagh Nolan, Anne-Maree Quinn agus Odhrán Allen) i Samhain chun tabhairt faoi roinnt obair bhreise ar chaighdeáin na dtáscairí sonracha inniúlachta a bhain le heolas, tuiscint agus scileanna don ghairm agus déanfaidh an Bord iomlán breithniú ar an gcáipéis agus í a thabhairt chun críche go luath in 2014. Nuair a bheidh sí críochnaithe, leagfaidh na Critéir agus na Caighdeáin Inniúlachta an bonn faoi réimse gníomhaíochtaí, lena n-áirítear faomhadh cáilíochtaí agus clár a theastaíonn le haghaidh clárúcháin leis an ngairm seo mar aon le measúnú a dhéanamh ar inniúlacht ghairmiúil.

Rachaidh na dréacht-Chritéir agus na dréacht-Chaighdeáin Inniúlachta le haghaidh cláir Oideachais agus Oiliúna Teiripeoirí Saothair amach le haghaidh comhairliúchán poiblí in 2014, déanfaidh an Bord breithniú, ansin, ar thorthaí an chomhairliúcháin agus déanfaidh siad comhaontú ar na Critéir agus Caighdeáin deiridh le haghaidh cláir Oideachais agus Oiliúna Teiripeoirí Saothair, mar aon le glacadh leo.

### Cáilíochtaí faofa le haghaidh clárúcháin

D'fhonn an Clár a oscailt, tá ar an mBord na cáilíochtaí a fhaomhadh a theastaíonn le haghaidh clárúcháin.

In 2013, thosaigh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair leis an bpróiseas seo agus rachaidh dréacht-Fhodhlí um "Cháilíocht Fhaofa" amach le haghaidh comhairliúchán poiblí, ina leagfar amach an cháilíocht le haghaidh clárúcháin go luath in 2014.

## Clárúchán

In 2013, d'fhaomh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair sonraí na gcláraithe a choimeádfar ar an gClár. Áirítear leo ainm gairmiúil a úsáid, áit phríomha chleachtais a úsáid, fógraí faoi oiriúnacht chun cleachtadh agus uimhreacha uathúla clárúcháin. Anuas air sin, d'fhaomh an Bord an Teastas Clárúcháin.

In Iúil 2013, chomhaontaigh Bord na dTeiripeoirí Saothair nach mór do na cleachtóirí reatha bheith ag tabhairt faoi chleachtas na gairme ar feadh dhá bhliain de na cúig bliana sula n-osclófar an Clár.  Déanfaidh an Bord machnamh ar aon athraithigh, mar aon le hiad a dheimhniú, a d'fhéadfadh bheith ann (lena n-áirítear an choibhéis pháirtaimseartha) don riachtanas seo go luath in 2014.

In 2013, ghlac Bord na dTeiripeoirí Saothair le treoirlínte na Comhairle maidir leis an idirthréimhse. Tar éis go n-osclaítear Clár, teastaíonn idirthréimhse dhá bhliain chun an deis a thabhairt do Theiripeoirí Saothair atá i mbun cleachtadh cheana féin iarratas a dhéanamh ar chlárúchán agus lena shásamh don Bhord Clárúcháin go gcomhlíontar na riachtanais.

Tá ar an mBord Clárúcháin measúnú ar inniúlacht ghairmiúil a dheimhniú.  Baineann seo le hábhar i gcás iarratasóirí nach bhfuil cáilíocht fhaofa acu ná cáilíocht atá ábhartha a dhóthain agus a bhí ag cleachtadh sa Stát ar feadh dhá bhliain as na cúig bliana sular osclaíodh an Clár.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreatlach a sholáthair an Chomhairle ag CORU, in 2013, rinne an Bord breithniú ar ghnéithe a d'fhéadfadh bheith sa tástáil ar inniúlacht ghairmiúil le haghaidh teiripeoirí gairme.  Cuirfear an obair seo i gcrích go luath in 2014.

## Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla

Tá ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair glacadh le Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla le haghaidh cláraithe sula n-osclaítear an Clár.  Leagfar amach sa chód na caighdeáin iompair, feidhmíochta agus eitice nach mór do theiripeoirí saothair cloí leo ar fud chúrsa a n-oibre. Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh ar chlárúchán acu, beidh ar theiripeoirí dearbhú reachtúil a shíniú a luann gur léigh siad, gur thuig siad agus go gcomhaontaíonn siad chun cloí leis an gCód.

Ghlac an Chomhairle ag CORU le creatlach le haghaidh Cód coiteann Iompair agus Eitice Gairmiúla (Cód na Comhairle), lenar chomhaontaigh na 14 ghairmí tar éis dul i gcomhairliúchán.

Ní mór do Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair a chinntiú go dtéitear i ngleic le riachtanais uathúla a ngairme nuair a bhíonn a gCód Iompair agus Eitice Gairmiúla á fhorbairt acu.

Ceapadh an Dr Margaret Hanson, Oxford Brookes UK, i mBealtaine 2013 mar thaighdeoir chun tacú leis an mBord chun an Cód a shaindearadh.

Rachaidh an Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla amach le haghaidh comhairliúchán poiblí in 2014.

## Ballraíocht an Bhoird

| Clodagh Nolan |
| --- |
| Cathaoirleach |
| *Ionadaí Oideachais agus Oiliúna* |
| Arna freastal ar 7 as 7 gcruinniú an Bhoird |



| Ailish Kelly |
| --- |
| Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse |
| Arna freastal ar 5 as 7 gcruinniú an Bhoird |



**Odhrán Allen**

Ionadaí Cleachtach Gairmiúil

Arna fhreastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Orla McDonnell**

Ionadaí Tríú Leibhéal

Arna freastal ar 5 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Gaynor Beyer**

*Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse*

*Arna fhreastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird*



**Tina McGrath**

Ionadaí Cleachtach Gairmiúil

Arna freastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Fionnuala Cook**

Ionadaí Leasa Phoiblí

Arna freastal ar 5 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Máire O'Leary**

Ionadaí Bainistíochta Príobháidí Sláinte/ Cúraim Shóisialta

Arna freastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Anthony Gilligan**

Ionadaí Leasa Phoiblí

Arna fhreastal ar 2 as 3 chruinniú an Bhoird*
*ceaptha lies an mBord {Deireadh Fómhair}



**Anne-Maree Quinn**

Ionadaí Cleachtach Gairmiúil

Arna freastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird



**June Boulger**

Ionadaí Bainistíochta Poiblí Sláinte/Cúraim Shóisialta

Arna freastal ar 3 as 7 gcruinniú an Bhoird




**Elena Secas**

Ionadaí Leasa Phoiblí

Arna freastal ar 2 as 3 chruinniú an Bhoird*
*ceaptha lies an mBord {Deireadh Fómhair}



**Lana O'Gorman**

Ionadaí Leasa Phoiblí

Arna freastal ar 3 as 7 gcruinniú an Bhoird



Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

## Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga

# Tuarascáil Bhliantúil

## 7.5 Tuarascáil Bhliantúil 2013 - Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga

**Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga le linn 2013, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2013 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).**

RPC005114_GA_WB_I_1

## Brollach

Chas Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga le chéile den chéad uair i Márta 2013, tar éis gur bhunaigh an tAire Sláinte iad i bhFeabhra.

Soláthraíonn Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga seirbhís ríthábhachtach dá gcliaint agus baineann ríthábhacht le caidreamh atá bunaithe ar iontaoibh agus muinín. Forbairt dhearfach is ea an t-aistriú chuig clárúchán reachtúil, a sholáthraíonn ról ríthábhachtach geatóireachta maidir le caighdeáin ghairmiúla a choimeád.

Cuirfidh rialáil breis feabhais ar sheasamh na gairme agus níos tábhachtaí ná sin, soláthróidh sé cinntiú do mhuintir an phobail go gcomhlíonann teiripeoirí urlabhra agus teanga cláraithe na caighdeáin shonraithe fhaofa.

In 2013, leag an Bord an bhunchloch le haghaidh rialáil na gairme, agus rinneadh go leor oibre lena chinntiú go bhforbraítear na caighdeáin go héifeachtach. Anuas air sin, in 2013, cuireadh tús le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal, le fostóirí agus comhaltaí na gairme i bhfoirm chéad chomhairliúchán poiblí an Bhoird.

Bhí an comhairliúchán seo ag plé le Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta le haghaidh Oideachais agus Oiliúna. Is iad seo na riachtanais le haghaidh faomhadh cláir oideachais le haghaidh teiripeoirí urlabhra agus teanga.  Déanann mic léinn a n-éiríonn leo clár faofa a chríochnú an caighdeán inniúlachta don ghairm a chomhlíonadh agus tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar iontráil ar an gClár. Nuair a críochnaíodh é, tar éis an chomhairliúcháin, úsáidfear na Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta, chomh maith, i measúnú a dhéanamh ar inniúlacht ghairmiúil agus i gcáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den stát a aithint.

Táimid ag tnúth le leanúint leis an obair thábhachtach seo in 2014. Beimid i mbun idirchaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara uile, mar aon le teiripeoirí urlabhra agus teanga de réir mar a chruthaímid samhail rialála.  Soláthraíonn rialáil reachtúil oscailteacht agus freagracht níos mó don phobal, agus déanann sí cultúr inniúlachta agus forbartha leanúnaí gairmiúla a atreisiú le haghaidh gairmithe.



**Helen Shortt**
**Cathaoirleach**
**Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí**
**Urlabhra agus Teanga**



**Ginny Hanrahan**
**Cláraitheoir**
**Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí**
**Urlabhra agus Teanga**

# Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2013

### Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga i bhFeabhra 2013 tar éis gur eisíodh fógra um cheapachán poiblí.

Forálann an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) do 13 chomhalta dheonacha a cheapadh leis an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí a sheirbheálann ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha Taistil agus Cothabhála na Státseirbhíse. Comhaltaí tuata iad seachtar ceapaithe, agus is comhaltaí den ghairm iad an seisear atá fanta, a dhéanann an méid a leanas:

- Bainistíocht seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme

Ag chéad chruinniú an Bhoird i Márta 2013, rinneadh seisear comhaltaí a chur ar crannchur, i gcomhréir leis an nós imeachta lenar comhaontaíodh chun téarma dhá bhliain a sheirbheáil. Déanfaidh na comhaltaí eile téarma ceithre bliana a sheirbheáil.

Toghadh Helen Shortt mar Chathaoirleach an Bhoird agus seirbheálfaidh sí ar feadh téarma dhá bhliain mar Chathaoirleach. Seirbheálfaidh sí ar an mBord ar feadh ceithre bliana.

### Ról

Faoin Acht, is é ról na mBord Clárúcháin an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d’iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chothú trí chlárú reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta.

Tá Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga ag CORU freagrach as an méid a leanas:

- Clár chomhaltaí na gairme a bhunú agus a choimeád
- Na cáilíochtaí a mheasúnú agus a aithint a baineadh amach lasmuigh den Stát
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An cód iompair agus eitice gairmiúla a chur le chéile
- Na riachtanais a leagan amach le haghaidh forbairt leanúnach ghairmiúil.

I Márta 2013, thug an Bord faoi oiliúint ionduchtúcháin, a sholáthair an Fheidhmeannacht, chun an t-aistriú chuig a ról nua a éascú mar chomhaltaí Boird. Áiríodh leis an oiliúint seo seisiúin ar rialachas corparáideach agus eitic in oifig phoiblí, mar aon le tuiscint níos fearr a sholáthar ar ról CORU agus a gcroífheidhm chun an pobal a chosaint.

**An Bhunchloch a Leagan le haghaidh Rialála**

## Oideachas

### Comhairliúchán Poiblí - Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta

Ar cheann d'fheidhmeanna Bord Clárúcháin is ea Caighdeáin Inniúlachta na gairme a leagan amach. Is iad na Caighdeáin Inniúlachta na caighdeáin tairsí a theastaíonn maidir le cleachtadh sábháilte agus oiriúnach na gairme. Is iad siúd eolas, scileanna, inniúlachtaí agus saintréithe gairmiúla na gairme. Céim thábhachtach i rialáil reachtúil na gairme a bhunú is ea na Caighdeáin Inniúlachta a leagan amach.

Faoi Shamhain 2013, bhí dréacht-Chritéir agus dréacht-Chaighdeáin Inniúlachta réitithe ag an mBord le haghaidh oideachais agus oiliúna. Leagfaidh na Critéir agus na Caighdeáin Inniúlachta an bonn faoi réimse gníomhaíochtaí, lena n-áirítear faomhadh cáilíochtaí agus clár a theastaíonn le haghaidh clárúcháin leis an ngairm seo agus measúnú a dhéanamh ar inniúlacht ghairmiúil.

Cuireadh na dréacht-Chritéir agus dréacht-Chaighdeáin Inniúlachta le haghaidh cláir Oideachais agus Oiliúna na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga amach le haghaidh comhairliúchán poiblí ar on www.coru.ie i Nollaig 2013.

Déanfaidh an Bord breithniú ar thuarascáil an chomhairliúcháin go luath in 2014 agus foilseofar na Critéir agus Caighdeáin deiridh Inniúlachta le haghaidh Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga ar www.coru.ie.

### Cáilíochtaí faofa le haghaidh clárúcháin

D'fhonn an Clár a oscailt, tá ar an mBord na cáilíochtaí a fhaomhadh a theastaíonn le haghaidh clárúcháin.

In 2013, thosaigh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga leis an bpróiseas seo agus rachaidh Fodhlí um "Cháilíocht Fhaofa" amach le haghaidh comhairliúchán poiblí, ina leagfar amach an cháilíocht le haghaidh clárúcháin go luath in 2014.

## Clárúchán

### An Clár

I mBealtaine 2013, d'fhaomh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga sonraí na gcláraithe a choimeádfar ar an gClár. Áirítear leo an t-ainm gairmiúil faoina gcleachtann an cláraí, an áit phríomha chleachtais, fógraí faoi oiriúnacht chun cleachtadh agus uimhreacha uathúla clárúcháin. Anuas air sin, d'fhaomh an Bord foirm an Teastais Chlárúcháin a eiseofar gach bliain ar athnuachan clárúcháin.

D'fhaomh an Bord nach mór do na cleachtóirí reatha bheith ag tabhairt faoi chleachtas na gairme ar feadh dhá bhliain de na cúig bliana sula n-osclófar an Clár. Beidh ar iarratasóirí a dhéanann iarratas faoi na socruithe idirthréimhseacha cruthúnas i leith fostaíochta a sholáthar i gcleachtas na gairme don tréimhse seo.

Beidh ar chleachtóirí príobháideacha féindearbhú a dhéanamh maidir lena gcleachtas agus cruthúnas i dtaobh árachas cúitimh ghairmiúil a sholáthar mar aon le trí earra eile cruthúnais (a roghnófar ó liosta seasta).

In Iúil 2013, ghlac Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga le treoirlínte na Comhairle maidir leis an idirthréimhse. Tar éis go n-osclaítear Clár, teastaíonn idirthréimhse dhá bhliain chun an deis a thabhairt do theiripeoirí urlabhra agus teanga atá i mbun cleachtaidh cheana féin iarratas a dhéanamh ar chlárúchán agus lena shásamh don Bhord Clárúcháin go gcomhlíontar na riachtanais.

Tá ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga measúnú ar inniúlacht ghairmiúil a dheimhniú.  Baineann seo le hábhar i gcás iarratasóirí nach bhfuil cáilíocht fhaofa acu ná cáilíocht a liostaítear san Acht le haghaidh cleachtóirí reatha nó cáilíocht atá ábhartha a dhóthain agus a bhí ag cleachtadh sa Stát ar feadh dhá bhliain as na cúig bliana sular osclaíodh an Clár. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreatlach a sholáthair an Chomhairle ag CORU, in Iúil 2013, thosaigh an Bord leis an bpróiseas chun an tástáil ar inniúlacht ghairmiúil a leagan amach, a léireoidh conas a chomhlíonann siad na caighdeáin inniúlachta.  Cuirfear an obair seo i gcrích go luath in 2014.

### Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla

Tá ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga glacadh le Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla le haghaidh cláraithe sula n-osclaítear an Clár.  Leagfar amach sa chód na caighdeáin iompair, feidhmíochta agus eitice nach mór do dhiaitéitigh cloí leo ar fud chúrsa a n-oibre. Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh acu, beidh ar iarratasóirí dearbhú reachtúil a shíniú a luann gur léigh siad, gur thuig siad agus go gcomhaontaíonn siad chun cloí leis an gCód.

Ghlac an Chomhairle ag CORU le creatlach le haghaidh Cód coiteann Iompair agus Eitice Gairmiúla (Cód na Comhairle), lenar chomhaontaigh na 14 ghairmí tar éis dul i gcomhairliúchán.

Ní mór do Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga a chinntiú go dtéitear i ngleic le riachtanais uathúla a ngairme nuair a bhíonn a gCód Iompair agus Eitice Gairmiúla á fhorbairt acu.

Ar iarraidh an Bhoird, cheap an Chomhairle ag CORU Anna van der Gaag, Cathaoirleach Reatha Chomhairle na nGairmeacha Sláinte agus Comhalta Honórach Taighde, Ollscoil Ghlaschú agus Rachel Leonard, Léachtóir i nDisciplín na Teiripe Urlabhra agus Teanga, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, mar thaighdeoirí.

Rachaidh an Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla amach le haghaidh comhairliúchán poiblí in 2014.

### Ballraíocht an Bhoird

| Helen Shortt |
| --- |
| Cathaoirleach |
| *Ionadaí Bainistíochta Poiblí Sláinte/Cúraim Shóisialta* |
| Arna freastal ar 7 as 7 gcruinniú an Bhoird |



| Martine Smith |
| --- |
| Ionadaí Cleachtach Gairmiúil |
| Arna freastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird |



**Chinwe Rose Anago**

Ionadaí Leasa Phoiblí

Arna freastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Sinead Kennedy**

Ionadaí Cleachtach Gairmiúil

Arna freastal ar 4 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Aileen Barrett**

*Ionadaí Leasa Phoiblí*

*Arna freastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird*



**Maeve Murphy**

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

Arna freastal ar 7 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Paula Bradley**

Ionadaí Cleachtach Gairmiúil

Arna freastal ar 5 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Celia Nichol**

Ionadaí Bainistíochta Seirbhíse

Arna freastal ar 6 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Fiona Gibbon**

Ionadaí Oideachais agus Oiliúna

Arna freastal ar 7 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Fintan Reddy**

Ionadaí Leasa Phoiblí

Arna freastal ar 5 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Irene Gunning**

Ionadaí Leasa Phoiblí

Arna freastal ar 1 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Agnes Shiel**

Ionadaí Tríú Leibhéal

Arna freastal ar 4 as 7 gcruinniú an Bhoird



**Suzanne Keenan**

Ionadaí Bainistíochta Príobháidí Sláinte/ Cúraim Shóisialta

Arna freastal ar 4 as 7 gcruinniú an Bhoird




**Comhaltaí an Fhoghrúpa Oideachais**

Martine Smith

Chinwe Rose Anago

Celia Nichol

Fiona Gibbon

# Sonraí faoi Thacaíocht do Chustaiméirí:

**Sonraí Teagmhála:**

Príomhuimhir Ghutháin: (01) 2933160

Uimhir Facs: (01) 2933170

Ríomhphost: info@coru.ie

**Achomhairc Chlárúcháin:**

CORU,
An Rannóg Achomhairc,
13-15 An Meal,
Cúirt an Rabhcháin,
Bóthar na Raithní Móire,
Áth an Ghainimh,
Baile Átha Cliath 18

**Cosaint Sonraí :**

An tOifigeach Cosanta Sonraí
CORU,
13-15 An Meal,
Cúirt an Rabhcháin,
Bóthar na Raithní Móire,
Áth an Ghainimh,
Baile Átha Cliath 18

Deartha ag Lárionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim

CORU, 13-15 An Meal, Cúirt an Rabhcháin, Bóthar na Raithní Móire, Áth an Ghainimh,
Baile Átha Cliath 18

T: 01 2933160 F: 01 2933170 E: info@coru.ie

www.coru.ie